# Plean Teanga

# Limistéar Pleanála Teanga

# Thoraí

Buanú agus láidriú na Gaeilge mar theanga pobail Thoraí

Curtha i gceann a chéile ag Cathal Mac Suibhne i gcomhar le Hannah Ní Dhoimhín
do Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí

Meitheamh 2020

**Aidhm an Phlean**

Buanú agus láidriú na Gaeilge mar theanga pobail Thoraí

**Príomhspriocanna an Phlean**

- Go mbeidh Gaeilge á húsáid go rialta ag gach duine i dToraigh
- Go mbeidh ardú 5% tagtha ar an ráta de 74.6% a labhraíonn Gaeilge gach lá i dToraigh thar thréimhse an phlean seo
- Go mbeidh ceangal déanta idir saol an aosa óig ar an oileán agus an Ghaeilge

**Focal Buíochais**

Ba mhaith liom mar Chathaoirleach ar Choiste Pleanála Teanga Thoraí buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh an Plean Teanga seo a ullmhú do Limistéar Pleanála Teanga Thoraí.

Tá sé aitheanta le blianta fada go bhfuil an Ghaeilge iontach láidir againn anseo ar an oileán agus tá sé seo anois cruthaithe sa taighde a rinneadh agus an plean seo á ullmhú. Thaispeáin torthaí daonáirimh na bliana 2016 go bhfuil 87.7% den phobal seo os cionn 3 bliana ábalta Gaeilge a labhairt, rud a fhágann gurb í Toraigh ceann de na ceantracha Gaeltachta is láidre sa tír. Deirtear gur beatha teanga í a labhairt agus bunaithe air sin is cúis bróid dúinn go bhfuil an Ghaeilge beo agus slán anseo i dToraigh.

Is é ceann de na príomhspriocanna atá sa Phlean Teanga seo ná go mbeidh Gaeilge á húsáid go rialta ag gach duine ar an oileán agus tá sraith beart le cur i bhfeidhm a thabharfaidh uchtach agus muinín do na daoine atá ag foghlaim Gaeilge í a úsáid ar an oileán gach lá. Thaispeáin an daonáireamh deireanach go labhraíonn 74.6% de na daoine anseo Gaeilge gach lá. Tá sé mar aidhm againn an ráta sin a ardú go 90% taobh istigh de sheacht mbliana. Sin ráite, tá dúshlán mhór romhainn an saibhreas teanga atá againn a aistriú chuig an chéad ghlúin eile.

Tá sé mar sprioc againn fosta sa phlean seo go ndéanfaidh muid ceangal idir saol an aosa óig ar an oileán agus an Ghaeilge. Aithníonn muid, má tá an saibhreas teanga agus cultúrtha atá againn anseo i dToraigh le coinneáil slán, go bhfuil muid ag brath ar an ghlúin óg an meas céanna a bheith acu ar an Ghaeilge agus atá againne agus a bhí ag na glúnta a chuaigh romhainn. Tá gníomhartha le cur i bhfeidhm sa Phlean seo atá bunaithe ar riachtanais an aosa óig agus a dhéanfaidh ceangal idir ár gcultúr Gaelach agus saol aos óg na linne seo.

Ba mhaith liom, thar ceann an choiste, buíochas a thabhairt don phobal a d'fhreastal ar na cruinnithe eolais uilig agus do gach duine a ghlac páirt sa suirbhé pobail a rinne muid. Bhí an t-ionchur pobail sin riachtanach dúinn chun a chinntiú go mbeadh plean againn atá ábalta freastal ar mhianta an phobail.

Thug Údarás na Gaeltachta, go speisialta Hannah Ní Dhoimhín, Anna Uí Dhochartaigh agus Séamas Ó Gallachóir cuid mhór cuidithe dúinn agus an plean á ullmhú.

Beidh Comharchumann Thoraí CTR ag feidhmiú mar cheanneagraíocht agus freagrach as an phlean a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach go mbeidh ceangal idir buanú na teanga agus forbairtí eile a bhéas á gcur i gcrích ag an Chomharchumann le linn thréimhse fheidhmithe seacht mbliana an Phlean Teanga.

Ar deireadh, tá muidne mar choiste, bródúil as an phlean atá ullmhaithe agus tá muid ag súil go mór le tús a chur leis an phróiseas fheidhmithe agus níl aon dabht ná go láidreoidh sé teanga, cultúr agus pobal an oileáin seo don todhchaí.

Colm Joe Mac Ruairí, Cathaoirleach

**Clár**


Aidhm agus Spriocanna an Phlean 2

Focal Buíochais 3

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga 7
   1.1 Bunreacht na hÉireann 7
   1.2 Coimisiún na Gaeltachta 7
   1.3 Acht na dTeangacha Oifigiúla 7
   1.4 An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 7
   1.5 Acht na Gaeltachta 2012 8
   1.6 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 8

2. Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí 9
   2.1 An Cheanneagraíocht 9
   2.2 Coiste Pleanála Teanga 9

3. Limistéar Pleanála Teanga Thoraí 11
   3.1 Suíomh an oileáin 11
   3.2 Ceangal leis an Tír Mhór 11
   3.3 Seirbhísí ar an oileán 11
   3.4 Daonra 12
   3.5 Staid na Gaeilge 13
   3.6 Oideachas 14
   3.7 Geilleagar 14
   3.8 Tacaíochtaí 15

4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga 17

5. Torthaí an Taighde - Anailís ar Cheistneoir an Phobail 19
   5.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí 19
   5.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla 19
   5.3 Cúlra Teanga 20
   5.4 Cumas Teanga 22
   5.5 Cleachtas Teanga na Rannpháirtithe 24
   5.6 Cleachtas Teanga sa Phobal 25
   5.7 Dearcadh Teanga 26
   5.8 Moltaí Eile 27
   5.9 Tátal 27

6. Torthaí an Taighde - Anailís ar Cheistneoir na nDaoine Óga 29
   6.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí 29
   6.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla 29
   6.3 Cúlra Teanga 30
   6.4 Cleachtas Teanga sa Bhaile 30

6.5 Cleachtas Teanga ar Scoil 31
6.6 Cleachtas Teanga sa Phobal 31
6.7 Caitheamh Aimsire 33
6.8 Cúrsaí Teicneolaíochta 33
6.9 Tearmann Teanga 34
6.10 Dearcadh Teanga 34
6.11 Imeachtaí Gaeilge 35
6.12 Tátal 35

7. Bearta an Phlean Teanga 36
7.1 Réamhrá 36
7.2 Réimse na mBeart sa Phlean Teanga 36
7.3 Struchtúr Feidhmithe an Phlean 38
7.3.1 Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Teanga Thoraí 38
7.3.2 Seoladh Phlean Teanga Thoraí agus Feachtas Feasachta 39
7.4 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais) 40
7.4.1 Soláthar Acmhainní Gaeilge do Naíonra an oileáin 40
7.4.2 Líon na ndaltaí ar Choláiste Phobail Cholmcille a mhéadú 41
7.4.3 Tacaíocht don bhunscoil chun freastal ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim 43
7.4.4 Scéim na gCúntóirí Teanga 44
7.5 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochtaí Teaghlaigh 45
7.5.1 Club Obair Bhaile agus Seirbhís Thacaíochta Teanga do Thuismitheoirí 45
7.6 Seirbhísí don Aos Óg agus Aoisghrúpaí Eile 46
7.6.1 Club Óige 46
7.6.2 Campaí Samhraidh 48
7.6.3 Ceardlanna Spóirt 49
7.7 Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais 50
7.7.1 Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta 50
7.7.2 Ócáidí Tumoideachais 52
7.7.3 Ceardlanna Sóisialta 53
7.8 An Earnáil Ghnó agus Turasóireacht 54
7.8.1 Coláiste Gaeilge 54
7.8.2 Comhpholasaí Teanga don Lucht Gnó 56
7.8.3 Gradaim Gnó Gaeilge Thoraí 58
7.8.4 Turasóireacht Chultúrtha 58
7.9 Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn 60
7.9.1 Comórtas Ghlór na nGael 60
7.10 Na Meáin Chumarsáide 61
7.10.1 Suíomh Idirlín 61
7.10.2 Nuachtlitir 62
7.10.3 Na Meáin Shóisialta 63
7.11 Seirbhísí Poiblí 64
7.11.1 Seirbhísí Stáit trí Ghaeilge 64
7.12 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach 65
7.12.1 Ionad d'Imeachtaí Sóisialta 65
7.12.2 Uasghrádú ar Thithe Lóistín 66
7.13 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire 67

7.13.1 Ról lárnach ag an Ghaeilge, cultúr agus oidhreacht an oileáin i bhféiltí áitiúla agus in imeachtaí sóisialta 67
7.13.2 Cumann Drámaíochta Thoraí 68
7.14 Amscála na mBeart 69

8. Costais agus Maoiniú 70
8.1 Costas na mBeart 70
8.2 Eolas breise faoi Chostas na mBeart 70
8.3 An Buiséad 71

9. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht 74

10. Feidhmiú agus Monatóireacht 75

11. Foinsí 77

**Aguisín 1 – Leagan Béarla 81**

## 1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

### 1.1 Bunreacht na hÉireann 1937

Deirtear, in Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann gurb í an Ghaeilge teanga náisiúnta agus príomhtheanga oifigiúil na tíre agus glactar leis an Bhéarla mar theanga oifigiúil eile. (Rialtas na hÉireann, 2012).

### 1.2 Coimisiún na Gaeltachta 2002

Mar gheall ar an mheath leanúnach a bhí ag teacht ar an teanga agus tuiscint go raibh gá le hionchur láidir Stáit bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta sa bhliain 2000 chun moltaí a dhéanamh chun ról na Gaeilge sa Ghaeltacht a neartú. Bhí 19 moladh ar fad sa tuairisc a d'fhoilsigh an Coimisiún i 2002, ina measc, moladh go ndearbhódh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhionannas) cearta an duine aonair ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chuige sin go mbunófaí Oifig an Choimisinéara Teanga mar chuid den Acht (An Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2002)

### 1.3 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla ina dhlí i 2003. Is reachtaíocht thábhachtach atá ann maidir leis an Ghaeilge agus mar a bhaineann sí leis an rialtas agus leis na cúirteanna, le comhlachtaí poiblí, le bunú Oifig an Choimisinéara do na teangacha oifigiúla, agus le logainmneacha. (Oifig an Coimisinéir Teanga. 2003)

Is í an phríomhaidhm atá leis an Acht ná go gcuirfí le líon agus caighdeán na seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge. (Walsh, 2011)

I 2007 tugadh aitheantas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil oibre de chuid an Aontas Eorpaigh.

### 1.4 An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tugadh faoin Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht le linn na mblianta 2004 agus 2006 mar thoradh ar mholadh Choimisiún na Gaeltachta 2002 chun léargas cuimsitheach a chur ar fáil don Stáit i dtaca le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha.

Sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an Rialtas An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Leagadh amach sa Straitéis aidhm pholasaí an Rialtais chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus an cur chuige chun dul i ngleic leis an ghéarchéim a bhí ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge sa phobal

agus sa teaghlach. (An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, 2016)

## 1.5 Acht na Gaeltachta, 2012

Tháinig Acht na Gaeltachta i bhfeidhm sa bhliain 2012 chun leasuithe a chur i bhfeidhm i dtaca le sainmhíniú úr don Ghaeltacht, struchtúr agus feidhmeanna Údarás na Gaeltachta agus cur i bhfeidhm An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Aithnítear san Acht fosta 26 Limistéar Pleanála Teanga agus cuireann an tAcht bonn reachtúil faoin phróiseas pleanála teanga sna Limistéir Pleanála Teanga sin, sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2012)

## 1.6 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

I ndiaidh tabhairt faoi phróiseas fada comhairliúcháin seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Faoin pholasaí seo tá cuireadh tugtha do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna atá lonnaithe taobh istigh de theorainn oifigiúil na Gaeltachta iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Faoin scéim seo bainfear aitheantas amach atá bunaithe ar chritéir faoi leith a bhaineann le cúrsaí teanga sna scoileanna. Beidh impleachtaí aige seo don phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus tá sé tábhachtach go mbeidh comhtháthú idir Plean Teanga LPT Thoraí agus polasaithe an dá scoil ar an oileán agus go gcuirfear gach tacaíocht ar fáil, tríd an phlean teanga, do na spriocanna atá sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, 2017)

## 2. Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí

### 2.1 An Cheanneagraíocht

Roghnaíodh Comharchumann Thoraí CTR mar cheanneagraíocht i Limistéar Pleanála Teanga Thoraí i mí Aibreáin 2016. Ina dhiaidh sin, bhunaigh an comharchumann Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileán Thoraí chun an próiseas pleanála teanga a stiúradh agus plean teanga don limistéar a chur i gceann a chéile.

### 2.2 Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí

Is é fís an choiste ná an Gaeilge a bhuanú agus a láidriú mar theanga phobail ar oileán Thoraí.

Tuigeann an coiste trí staideár a dhéanamh ar fhigúirí a fuarthas ón Phríomh-Oifig Staidrimh faoi dhaonáireamh a rinneadh sa bhliain 2016 go bhfuil an Ghaeilge an-láidir ar an oileán, le cumas teanga ag 87.7% den daonra. Tá ranganna Gaeilge á gcur ar fáil chun freastal ar oileánaigh nach bhfuil Gaeilge líofa acu. Léirigh an taighde a rinneadh mar pháirt d'ullmhúchán an phlean seo an scéal céanna .i., go bhfuil an Ghaeilge an-láidir i dToraigh, ach go bhfuil gá le hobair a dhéanamh chun an teanga a dhéanamh níos ábhartha do shaol aos óg an oileáin.

Tá naonúr ar an choiste a dhéanann ionadaíocht ar shon an phobail agus ar shon eagraíochtaí pobail ar an oileán.

Is é **Colm Joe Mac Ruairí** cathaoirleach an choiste. Is oileánach ó dhúchais é Colm agus is tuismitheoir é atá ag tógáil páistí óga le Gaeilge. Tá blianta fada caite aige ag plé le cúrsaí cultúrtha ar an oileán idir cheol, amhránaíocht agus drámaíocht.

Is é **Pól Ó Mongáin** rúnaí an choiste agus tá sciar mhór dá shaol oibre caite ag Pól ar oileán Thoraí. Chaith sé tréimhse mar bhainisteoir ar Chomharchumann Thoraí CTR agus tá sé anois ina mhúinteoir i gColáiste Phobail Cholmcille.

Is í **Marjorie Uí Chearbhaill** cisteoir an choiste. Tá sí ag feidhmiú mar bhainisteoir ar Chomharchumann Thoraí CTR. Tá a clann á tógáil le Gaeilge aici ar an oileán.

Is tuismitheoir í **Donna Nic Laifeartaigh** atá ag tógáil a clann le Gaeilge agus a fheidhmíonn mar Rúnaí Oifige I gColáiste Phobail Cholmcille. Oibríonn sí go deonach ar go leor coistí ar an oileán agus is í ionadaí na dtuismitheoirí ar Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí.

Bhí **Máire Clár Ní Mhathúna** mar phríomhoide ar Choláiste Phobail Cholmcille agus ina ball de Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí le linn tréimhse ullmhúcháin an phlean seo. Is gníomhaire teanga í Máire a chaith tréimhse fada ag fheidhmiú go díograiseach ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge sa mheánscoil agus sa phobal.

Feidhmíonn **Anna Ní Bhaoill** mar phríomhoide ar Scoil Naomh Colmcille agus tá sí ag tógáil a clann le Gaeilge ar an oileán. Is í Anna ionadaí na bunscoile ar an choiste pleanála teanga.

Is úinéir gnó áitiúil é **Daniel Ó Cuileann** agus tá na blianta caite aige ag gníomhú ar choistí pobail deonacha ar an oileán agus tá sé mar Rúnaí ar Chomharchumann Thoraí faoi láthair. Is ionadaí lucht gnó an oileáin é ar an choiste pleanála teanga.

Is as Contae Shligigh ó dhúchas do **Patrick Queenan** ach atá ina chónaí le blianta i dToraigh agus atá ag tógáil a chlann le Gaeilge.

Is as an Fhrainc ó dhúchas do **Saskia Nic Ruairí**, tá Gaeilge á fhoghlaim aici agus tá a clann á tógáil le Gaeilge aici féin agus ag a fear céile.

## 3. Limistéar Pleanála Teanga Thoraí

### 3.1 Suíomh an oileáin

Tá Toraigh suite cúig chiliméadar déag i bhfarraige amach ó chósta iarthuaisceart Chontae Dhún na nGall. Tá an t-oileán cúig chiliméadar ar fhad agus ciliméadar amháin ar leithead. Cruthaíonn suíomh an oileáin deacrachtaí praiticiúla do na hoileánaigh ach chinntigh an t-aonrú seo go bhfuil Toraigh ar cheann de na ceantracha Gaeltachta a bhfuil an cumas labhartha Gaeilge is láidre sa tír ann.

### 3.2 Ceangal leis an Tír Mhór

Tá Toraigh ceangailte leis an tír mhór trí shraith seirbhísí farantóireachta a thugann paisinéirí agus lastais chun an oileáin agus a thugann deis d'oileánaigh a ngnó laethúil a dhéanamh ar thír mhór. Lena chois sin, cuirtear seirbhís ingearáin do phaisinéirí ar fáil i gcaitheamh an gheimhridh.

### 3.3 Seirbhísí ar an oileán

Tá cónaí ar an phobal ar thrí bhaile ar an oileán .i. An Baile Thoir, An Baile Úr agus An Baile Thiar. Tá tromlach na seirbhísí lonnaithe ar an Bhaile Thiar. Cé go bhfuil cé ar an dá thaobh den oileán tagann mórchuid na mbád i dtír ar an Bhaile Thiar ó osclaíodh an ché úr ansin in 2001. I measc na seirbhísí eile a chuirtear ar fáil don phobal tá:

- na scoileanna
- an naíonra
- ionad sláinte
- siopa
- oifig an phoist
- óstán
- tithe lóistín
- An Séipéal
- Ionad Pobail
- clós súgartha
- An Comharchumann
- An Club
- Láthair tuirlingte don ingearán
- Ionad Seirbhísí Teanga




**Toraigh**

## 3.4 Daonra

Bhí 119 duine ina gcónaí i dToraigh ar oíche an Daonáirimh in 2016 ach de réir taighde atá déanta ag an Choiste Pleanála Teanga don phlean seo meastar go bhfuil 140 ina gcónaí ar an oileán anois.

Tagann ardú ar an daonra le linn míonna an tsamhraidh nuair a thagann daoine a bhfuil ceangal acu leis an oileán ar ais chun cónaí séasúrach a dhéanamh ann.

Is é seo a leanas mar a d'athraigh an daonra ar an oileán ó 1961 ar aghaidh.

| Bliain | Daonra |
|---|---|
| 1961 | 264 |
| 1971 | 273 |
| 1981 | 208 |
| 1986 | 136 |
| 1991 | 119 |
| 1996 | 169 |
| 2002 | 133 |
| 2006 | 142 |
| 2011 | 144 |
| 2016 | 119 |
| 2019 | 140<br>*Bunaithe ar thaighde a rinne an Coiste Pleanála Teanga* |

**Foinse – An Phríomh-Oifig Staidrimh**

De bharr an easpa infheistíochta Stáit a rinneadh i mbunsheirbhísí riachtanacha an oileáin ó na seachtóidí go lár na nóchaidí tháinig titim suntasach ar dhaonra an oileáin le linn na tréimhse sin. Bhí tionchar ollmhór ag an easpa infheistíochta seo ar shaol an oileáin agus ní thig deighilt a dhéanamh idir an daonra agus staid forbartha an oileáin. Tharla an t-ardú ar an daonra ag tús na nóchaidí mar gheall ar feabhas a tháinig ar an tseirbhís farantóireachta chuig an oileán agus meon dearfach i measc an phobail go raibh todhchaí gheal in ann dóibh.

Léiríonn torthaí an daonáirimh go bhfuil fás ag teacht ar an daonra arís agus céatadán ard díobh sna haoisghrúpaí is óige.

| Aoisghrúpa | % den daonra |
|---|---|
| 0 – 4 | 8.4% |
| 5 – 12 | 10.1% |
| 13 – 17 | 3.4% |
| 18 – 24 | 2.5% |
| 25 – 44 | 34.5% |
| 45 – 64 | 24.4% |
| 65+ | 16.8% |

**Foinse – An Phríomh-Oifig Staidrimh**

Tá ceangal díreach idir inmharthanacht aon phobal oileáin agus cúinsí forbartha, deiseanna fostaíochta agus seirbhísí farantóireachta ach go háirithe. Bíonn ar an aos óg taisteal chuig an tír mór mar gheall ar easpa fostaíochta agus i gcuid mhór cásanna ní fhilleann siad ar an bhaile. Ní cás é seo atá sonrach do Thoraigh amháin ach caithfear é a choinneáil ar intinn agus an plean seo á ullmhú.

## 3.5 Staid na Gaeilge sa Limistéar

Sa tábla thíos léiríonn taighde a d'eagraigh an Seanadóir Pádraig Ó Céidigh sa bhliain 2018 a bhí bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, léargas ar dhaonra iomlán na Gaeltachta.

| | |
|---|---|
| Daonra na Gaeltachta | 99,617 |
| Daonra Ghaeltacht Thír Chonaill | 23,346 |
| Daonra Thoraí | 119 |

**Foinse – An Phríomh-Oifig Staidrimh**

Is ionann daonra Thoraí agus 0.1% de phobal iomlán na Gaeltachta. Tá Toraigh ar cheann de na ceantracha Gaeltachta is láidre sa tír ó thaobh cumais agus úsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil. Tá cumas labhartha Gaeilge ag 90.1% den daonra os cionn trí bliana d'aois agus is é seo an ráta is airde in aon limistéar pleanála teanga (Ó Céidigh, 2019).

Labhraíonn 75.8% den daonra os cionn trí bliana d'aois Gaeilge go laethúil taobh amuigh den

chóras oideachais agus is é seo ceann de na rátaí is airde sa tír. Tacaíonn an taighde pobail a rinneadh mar pháirt den phróiseas seo le figiúirí an daonáirimh ina léirítear gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad 83.6% de phobal Thoraí.

De réir an phlean atá ullmhaithe ag Scoil Naomh Colmcille faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta is cainteoirí dúchais Gaeilge iad naonúr den dá dhalta dhéag atá ag freastal ar an scoil. Is Béarla agus teangacha eile a gcéad teanga labhartha ag a chuid eile de dhaltaí na bunscoile.

**3.6 Cúrsaí Oideachais**

Tá luathoideachas chomh maith le hoideachas bunscoile agus meánscoile le fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge i dToraigh. Tá tuiscint láidir ag an dá scoil ar shaibhreas teanga agus cultúrtha an oileáin agus déantar gach uile iarracht áit lárnach a thabhairt don saibhreas seo i gcuraclam na scoile.

Osclaíodh naíonra don chéad uair i dToraigh in 2016 agus tá sé lonnaithe in iar-oifig an Chomharchumainn ach tá sé beartaithe go mbeidh an naíonra ag bogadh go dtí ionad úr i bhFómhar 2019. Bhí cúigear páistí ag freastal ar an naíonra in 2019/20 agus tá cúigear ar an rolla don scoilbhliain 2020/2021.

Is bunscoil dhá oide í Scoil Naomh Colmcille a raibh 15 dalta ar an rolla sa scoilbhliain 2019/20. Meastar go n-ardóidh an uimhir sin go dtí 18 dalta faoin bhliain 2022. Is é sprioc na scoile ná go gcuirfí an Ghaeilge chun cinn i measc phobal na scoile agus dá bhrí sin bíonn gach gníomhaíocht a chuirtear ar fáil sa scoil ar siúl trí mheán na Gaeilge.

Bunaíodh Coláiste Phobail Cholmcille i 1999 chun freastal ar pháistí agus daoine fásta Thoraí. Sular oscail Coláiste Phobail Cholmcille bhí ar dhaoine óga an oileáin an baile a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar an tír mhór chun oideachas dara leibhéal a fháil. Cuirtear an réimse iomlán d'ábhar ar fáil sa scoil trí mheán na Gaeilge. Bhí seisear dalta ag freastal ar an scoilbhliain 2019/20.

**3.7 Geilleagar**

Ionas gur féidir pobal inmharthanacht a chothú ar oileán mara tá géarghá le geilleagar áitiúil sláintiúil a chruthú.

Tá roinnt deiseanna fostaíochta ar fáil i dToraigh trí sheirbhísí a bhfuil ionchur ag an Stát iontu - mar atá oideachas, sláinte agus seirbhísí farantóireachta. Le roinnt blianta anuas tá titim tagtha ar na slite beatha traidisiúnta ar nós na hiascaireachta agus na feirmeoireachta.

De réir fhigiúirí a chuir Seirbhísí Farantóireachta an Oileáin ar fáil do Chomharchumann Thoraí CTR tháinig 10,666 turasóir ar cuairt go Toraigh in 2018. Is ardú é seo ó 8,688 in 2017. Cé go bhfuil an séasúr turasóireachta an-ghairid agus ag brath go mór ar an aimsir, go fiú sa samhradh,

is é tionscal na turasóireachta an ghné is tábhachtaí de gheilleagar an oileáin. Thosaigh bonneagar na turasóireachta ag forbairt ar an oileán ag tús na nóchaidí agus cuireann sé borradh ar an eacnamaíocht áitiúil trí dheiseanna a chuireann áiseanna agus seirbhísí turasóireachta ar nós bádaí farantóireachta, bádaí pléisiúrtha, An Club, An tÓstán, tithe lóistín agus an tIonad Ceardaíochta ar fáil.

Tá cultúr Gaelach an oileáin ina chloch dhúshraith do thionscal na turasóireachta ó tháinig fás air le deich mbliana agus fiche anuas. Reáchtálann Oideas Gael cúrsa Saibhreas Gaeilge ar an oileán gach bliain. Tá stair fhada d'fhéilte agus d'imeachtaí éagsúla a bhfuil a bhfréamhacha sáite go domhain i saibhreas cultúrtha an oileáin, ina measc, Féile Shoilse Thoraí agus An Fheis ar siúl ar an oileán.

## 3.8 Tacaíochtaí

### 3.8.1 Comharchumann Thoraí

Cuireann Údarás na Gaeltachta deontas reáchtála agus seirbhísí tacaíochta ar fáil do Chomharchumann Thoraí CTR. Cuidíonn an deontas reáchtála leis an Chomharchumann a phlean oibre a chur chun cinn agus feidhmíonn an Comharchumann ar shon an phobail ina mbíonn sé ag stocaireacht le háiseanna agus seirbhísí níos fearr a lorg agus ag cur chun cinn tograí forbartha pobail.

Bunaíodh Comharchumann Thoraí CTR i 1971. Is é príomhchuspóir an chomharchumainn ná saol eacnamaíoch, cultúrtha agus sóisialta phobal an oileáin a fhorbairt agus a chothú.

I measc na hoibre atá idir lámha ag an Chomharchumann faoi láthair tá:

- Seirbhís riaracháin & chomhairleach do phobal Thoraí
- Bainistíocht Ionad Pobail Cholmcille
- Bainistíocht Ionad Bhalor & leithris phoiblí
- Riarachán an Ionaid Lae
- Mar Cheanneagraíocht do Limistéar Pleanála Teanga Thoraí
- Riarachán ar oifig an Chomharchumainn
- Riarachán ar sheirbhís an héileacaptair
- Bainistiú ar an Scéim Fostaíochta Pobail
- Bainistiú ar an Scéim Shóisialta Tuaithe
- Riarachán ar scéim an uisce
- Aimsiú treoirleabhair, bróisiúr agus suíomh idirlín
- Bainistiú ar an tseirbhís níocháin
- Ag eagrú cúrsaí traenála
- Ag eagrú campaí samhraidh do pháistí
- Bainistiú ar an tseirbhís lastais
- Seirbhís ardaitheora a chur ar fáil

- Plé le heagrais stáit ar bhonn laethúil
- Córas Bruscair & Athchúrsála a fhorbairt
- Ina bhall de Choiste FLAG (Bord Iascaigh Mara)
- Ina bhall de bhord LEADER
- Ina bhall de bhord Chomhar na nOileán
- Eolas do thurasóirí
- Urraíocht ar imeachtaí áitiúla
- Ag bainistiú Naíonra Thoraí i gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta
- Ag bainistiú Club Óige Thoraí.

### 3.8.2 Cúrsaí don Óige

Bunaíodh Club Óige Thoraí in 2017 le freastal ar pháistí suas go dtí 17 mbliana d'aois. Tá ag éirí go maith leis an aoisghrúpa is óige ach tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh chun freastal níos fearr a dhéanamh ar na déagóirí.

Bhí campa samhraidh ar siúl ag Muintearas Teo. in 2019 don tríú bliain as a chéile. Ar nós an chlub óige de, oibríonn an campa samhraidh go maith do na páistí is óige ach tá gá le hidirghabháil bhreise chun rannpháirtíocht déagóirí a spreagadh.

## 4. Léargas ar Ullmhú an Phlean Teanga

**Tús an Phróisis**

Fógraíodh LPT Thoraí ar an 20 Feabhra 2015. Tar éis seisiún eolais a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta ar an oileán in earrach 2015 rinne an comharchumann iarratas chuig Údarás na Gaeltachta le bheith roghnaithe mar cheanneagraíocht don LPT. Glacadh le hiarratas an chomharchumainn agus roghnaíodh é mar cheanneagraíocht don LPT i mí Aibreáin 2016. Bhunaigh an comharchumann an Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga i bhfómhar 2016 agus tá an bhallraíocht bunaithe ar na Treoirlínte Pleanála Teanga (2016) atá foilsithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge.

**Brandáil**

Reáchtáil Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileán Thoraí comórtas deartha lógó ar an oileán i mí na Samhna 2017. Ba í an aidhm a bhí leis an chomórtas ná suim an phobail a spreagadh sa phróiseas pleanála teanga, go háirithe agus an tsuirbhéireacht ag dul ar aghaidh. Ag eascairt as an chomórtas roghnaíodh lógó a mbeadh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Oileán Thoraí ábalta úsáid a bhaint as ar shuíomh idirlín agus ar stáiseanóireacht an choiste. Piocadh an lógó a dhear Seán Dónal Mac Ruairí, buaiteoir an chomórtais.

**Lógó an Bhuaiteora**

**Céim an Taighde**

Is céimeanna riachtanacha iad an taighde príomhúil agus anailís chun tuiscint shoiléir a fháil ar staid reatha na Gaeilge sa LPT. Mar thoradh ar an taighde, bheadh léargas agus tuiscint mhaith ar fáil a chuirfeadh ar chumas an choiste measúnú a dhéanamh ar chleachtas agus ar

chomhthéacsanna úsáide na Gaeilge, ar dhearctha agus mianta i leith na teanga agus ar an chlaonadh teanga i measc glúin faoi leith sa phobal.

Chuige sin baineadh feidhm as an Cheistneoir Comónta do cheantar Gaeltachta Dhún na nGall a d'ullmhaigh Údarás na Gaeltachta i gcomhar le ceanneagraíochtaí agus baill coistí pleanála teanga i nDún na nGall.

Socraíodh go mbeadh na ceistneoirí dírithe ar dhá spriocghrúpa. Bheadh an ceistneoir comónta dírithe ar dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois, agus bheadh an dara ceistneoir dírithe ar dhaoine óga faoi 18 mbliana sa chóras oideachais sa LPT.

Cinneadh gur chóir go mbeidh deis tugtha do gach duine os cionn 18 mbliana d'aois sa phobal an ceistneoir a líonadh. Cuireadh tús leis an suirbhéireacht pobail i mí na Nollag 2017. Chuaigh an dá thimire, Donna Nic Laifeartaigh agus Micheál Mac Fhionntaigh, ó dhoras go doras chun na ceistneoirí a scaipeadh agus chun cuidiú a thabhairt do na freagróirí iad a líonadh. Tugadh deis do dhaoine an ceistneoir a líonadh ar líne ar chóras *SurveyMonkey* nuair a theastaigh uathu é sin a dhéanamh, ag brath ar cheangal sásúil idirlín a bheith ar fáil.

Socraíodh na ceisteanna seo a scaipeadh ar dhaltaí ó rang 4 sa bhunscoil go dtí an 5ú bliain sa mheánscoil. Líonadh na ceistneoirí ar fad i mí na Nollag 2017. Tá dhá scoil ar an oileán, Scoil Naomh Colmcille (scoil náisiúnta) agus Coláiste Pobail Cholmcille. Den 17 páiste a bhí ag freastal ar an scoil le linn scoilbhliain 2017/18, líon naonúr an ceistneoir.

Rinne Hannah Ní Dhoimhín anailís ar na ceistneoirí agus tá torthaí an taighde leagtha amach thíos.

Rinne an t-áisitheoir, Cathal Mac Suibhne, dhá chruinniú oscailte a thionól, áit ar aontaíodh sonraí na mbeart sa phlean seo leis an phobal. Cruthaíodh na bearta chun príomhspriocanna an phlean a baint amach. Tugadh cur i láthair ar achoimre an phlean don phobal agus thug siad a mbeannacht do mholtaí an phlean.

## 5. Torthaí an Taighde - Anailís ar Cheistneoir an Phobail

### 5.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí

Socraíodh ceistneoirí a scaipeadh ar gach uile dhuine atá ina chónaí i dToraigh agus atá os cionn 18 mbliana d'aois. Tugadh na ceistneoirí ó dhoras go doras agus tugadh deis do na rannpháirtithe iad a líonadh ar pháipéar nó ar líne trí chóras *SurveyMonkey*. Líonadh na ceistneoirí ar fad i mí na Nollag 2017.

De réir thorthaí Dhaonáireamh 2016, tá 119 duine ina gcónaí i dToraigh, agus tá 93 acu sin os cionn 18 mbliana d'aois (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2017). Fuarthas 85 freagra ar ais, rud a fhágann go raibh ráta freagartha 92.5% ar an cheistneoir seo.

### 5.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla

Léirítear thíos áit chónaithe na rannpháirtithe:




**Áit Chónaithe na Rannpháirtithe**

Tógadh 83.7% de na rannpháirtithe i gceantar Gaeltachta, agus a bhformhór acu sin i dToraigh. De na seisear rannpháirtithe a tógadh in áit 'eile', is in Albain a tógadh cúigear acu.




**Áit Dúchais na Rannpháirtithe**

Is mná iad 44.2% den sampla (38 duine) agus fir iad 54.7% (47 duine). Tugtar san fhigiúr thíos próifíl aoise an tsampla:




**Próifíl Aoise an tSampla**

| Aoisghrúpa | Mná | Fir | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **18-25** | 2 | 1 | 3 |
| **26-40** | 13 | 14 | 27 |
| **41-55** | 10 | 13 | 23 |
| **56-66** | 10 | 9 | 19 |
| **67+** | 3 | 10 | 13 |
| **Iomlán** | **38** | **47** | **85** |

**Próifíl Aoise an tSampla**

## 5.3 Cúlra Teanga

Tá/bhí tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad le hardchumas Gaeilge (Gaeilge ó dhúchas nó líofa) ag 81.5% de na rannpháirtithe, agus deir 65 rannpháirtí (75.5%) go bhfuil/go raibh Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag a mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí:




**Cumas Teanga na dTuismitheoirí/Caomhnóirí**

San fhigiúr thuas,
A = Beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa
B = Duine le Gaeilge ó dhúchas/líofa agus duine le Gaeilge mheasartha
C = Duine le Gaeilge ó dhúchas/líofa agus duine le beagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith
D = Duine le Gaeilge mheasartha agus duine le beagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith
E = Beirt tuismitheoirí/chaomhnóirí le beagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith

Tuairiscíonn 71.0% de na rannpháirtithe (61 duine) gur Gaeilge amháin a bhíodh á labhairt sa bhaile agus iad ag fás aníos. Mar a bheifí ag súil leis, is daoine iad a bhfuil/a raibh Gaeilge ó dhúchas nó Gaeilge líofa ag a mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí 58 duine de na 61 rannpháirtí sin, nó 95.1% acu.




**Teanga Bhaile na Rannpháirtithe agus iad ag fás aníos**

Mar a léirítear san fhigiúr thíos, tá comhghaol deimhneach idir aois na rannpháirtithe agus an méid daoine a bhfuil/a raibh Gaeilge ag a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí agus an méid daoine a deir gur Gaeilge amháin a labhraítí sa bhaile agus iad ag fás aníos:




**Cúlra Teanga de réir Aoisghrúpa**

## 5.4 Cumas Teanga

Maidir lena gcumas teanga féin, deir níos mó ná trí cheathrú den sampla go bhfuil Gaeilge líofa acu:




**Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe**

De na 66 duine a thuairiscíonn go bhfuil Gaeilge líofa acu, meastar gur cainteoirí dúchais Gaeilge 62 duine nó 93.9% acu ar a laghad.

Cé go ndeir 66 rannpháirtí go bhfuil Gaeilge líofa acu, ní deir ach 60 duine (69.8% den sampla) go bhfuil a gcumas labhartha Gaeilge an-mhaith:




**Scileanna Teanga**

Mar sin féin, léirítear sna torthaí seo go bhfuil ardchumas Gaeilge, idir labhairt agus tuiscint, ag pobal an oileáin, ach go bhfuil cumas, nó muinín, an-íseal ag an bpobal (18 mbliana +) ó thaobh léamh agus scríobh na Gaeilge de.

Luíonn sé le réasún, mar sin, gurb iad léamh agus scríobh na Gaeilge na scileanna teanga ba mhó a mbeadh spéis ag an bpobal feabhas a chur orthu:




**Scileanna Teanga a Fheabhsú**

## 5.5 Cleachtas Teanga na Rannpháirtithe

Deir formhór an tsampla (83.6%) gur cainteoirí laethúla Gaeilge iad:




**Minicíocht Labhairt na Gaeilge**

Mar sin féin, tuairiscíonn 46.4% de na rannpháirtithe go labhraíonn siad Béarla le duine a bhfuil a fhios acu Gaeilge a bheith ar a dtoil acu ar bhonn seachtainiúil nó níos minice:




**"Caidé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil a fhios agat Gaeilge a bheith ar a dtoil acu?"**

Is ábhar imní é gur daoine a bhfuil Gaeilge líofa nó mheasartha acu 13 dhuine de na 22 rannpháirtí a labhraíonn Béarla le Gaeilgeoirí ar bhonn laethúil.

Nuair a cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cén fáth a labhraíonn siad Béarla le daoine a bhfuil Gaeilge acu, d'fhreagair an tromlach gur 'cleachtadh, faisean nó nós atá ann' nó nach mbíonn muinín ag daoine eile Gaeilge a labhairt leo:




**"Cad chuige a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an bheirt agaibh?"**

## 5.6 Cleachtas Teanga sa Phobal

Cuireadh ceist ar na rannpháirtithe cé chomh minic agus a labhraíonn siad Gaeilge in áiteanna éagsúla sa phobal. Tá sé le tuiscint ón bhfigiúr thíos gurb í an Ghaeilge atá in uachtar fós mar theanga shóisialta san oiléan, le 70.9%, 61.6% agus 54.7% de rannpháirtithe ag tuairisciú go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí sa bhaile, sa chomharsanacht agus le cairde, faoi seach:




**Cleachtas Teanga sa Phobal**

Is sa chóras oideachais agus ar an láthair oibre is lú a labhraítear Gaeilge ach de bharr nár thug go leor rannpháirtithe freagra (41.9% agus 37.2% faoi seach), meastar gurb é sin mar atá de bharr nach mbíonn go leor daoine ag feidhmiú sna réimsí sin.

Maidir le seirbhísí éagsúla – idir shiopaí/gnóthaí agus sheirbhísí sóisialta, áitiúla, sláinte, eaglasta agus Stáit – is mar chuid de sheirbhísí eaglasta agus i siopaí/gnóthaí is mó a úsáidtear an Ghaeilge:




**Cleachtas Teanga sa Phobal**

## 5.7 Dearcadh Teanga

Iarradh ar na rannpháirtithe a gcuid tuairimí a léiriú i leith 11 cheann de ráitis maidir le cúrsaí teanga go ginearálta:




**Dearcadh i leith na Gaeilge**

Mar a léirítear san fhigiúr thuas, tá tacaíocht láidir ann i measc an phobail don Ghaeilge agus don phróiseas pleanála teanga, le fíorbheagán rannpháirtithe (idir 0.0% agus 7.0%) ag léiriú dearcadh diúltach i leith na gcúig ráiteas thuas.

Baineann na cúig ráiteas eile níos mó le cleachtas teanga na rannpháirtithe féin. Arís, léirítear gur freagraí dearfacha ó thaobh na Gaeilge de atá ann den chuid is mó:




**Dearcadh i leith na Gaeilge**

## 5.8 Moltaí eile

Ag deireadh an cheistneora iarradh ar na rannpháirtithe moltaí eile a bheadh acu don phlean teanga nó don Ghaeilge sa LPT a lua. Thug 24 duine, nó 27.9% den sampla, freagra bailí ar an gceist seo, agus déantar a gcuid freagraí a rangú de réir téama sa tábla thíos:

| **Téama** (Sonraí) | **Líon rannpháirtithe** |
|---|---|
| **Tá sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa phobal seo** | 15 |
| **An Ghaeilge sa phobal** (go labhrófaí daoine áitiúla an Ghaeilge níos minice; go mbeadh Gaeilge ag foireann gnólachtaí agus seirbhísí sláinte áitiúla.) | 3 |
| **Daoine óga** (caithfidh gach duine iarracht níos mó a dhéanamh leis an nGaeilge a thabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile; caithfear daoine óga a spreagadh leis an teanga a labhairt agus misneach agus muinín a thabhairt dóibh; teastaíonn tacaíocht ón stát leis seo a dhéanamh.) | 3 |
| **Is cuid d'fhéiniúlacht an phobail seo an Ghaeilge** | 2 |
| **Deiseanna foghlama** (ranganna Gaeilge do dhaoine fásta atá saor.) | 1 |
| **Iomlán** | **24** |

## 5.9 Tátal

Is léir ó thorthaí an taighde seo go bhfuil seasamh láidir ag an nGaeilge fós ar oileán Thoraí: tuairiscítear go bhfuil ardchumas Gaeilge ag tromlach an phobail agus go labhraíonn os cionn 80.0% den phobal an Ghaeilge go laethúil. De réir an taighde seo, tá an Ghaeilge láidir fós mar

theanga teaghlaigh agus mar theanga shóisialta chomh maith, agus tá tacaíocht ann don teanga sa phobal agus dearctha dearfacha ag an bpobal ina leith.

Idir staid na Gaeilge sa phobal agus tréithe fisiciúla an LPT (i. gur oileán atá ann), tá féidearthachtaí móra i LPT Thoraí ó thaobh an phróisis pleanála teanga de agus deiseanna ann nach bhfuil in aon LPT eile dul chun cinn suntasach a bhaint amach ó thaobh na teanga de.

## 6. Torthaí an Taighde - Anailís ar Cheistneoir na nDaoine Óga

### 6.1 Sampláil agus Modheolaíochtaí

Socraíodh na ceistneoirí seo a scaipeadh ar pháistí ó rang 4 sa bhunscoil go dtí an 5ú bliain sa mheánscoil. Líonadh na ceistneoirí ar fad i mí na Nollag 2017.

As na 17 dalta a bhí ag freastal ar an scoil le linn scoilbhliain 2017/18, líon naonúr an ceistneoir.

### 6.2 Eolas Ginearálta faoin Sampla

Is as Toraigh ó dhúchas do na rannpháirtithe uilig, agus tá an leathchuid acu ina gcónaí ar an Bhaile Thoir:




**Áit Chónaithe na Rannpháirtithe**

Tá beirt rannpháirtithe ag freastal ar Scoil Naomh Colmcille agus seisear ag freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille. Ar mhaithe le rúndacht, ní thugtar briseadh síos ar na rannpháirtithe de réir bliana.

## 6.3 Cúlra Teanga

Deir leathchuid de na rannpháirtithe go bhfuil/go raibh Gaeilge líofa ag a mbeirt tuismitheoirí:




**Cumas Teanga na dTuismitheoirí/Caomhnóirí**

## 6.4 Cleachtas Teanga sa Bhaile

In ainneoin go bhfuil Gaeilge líofa ag tuismitheoir/caomhnóir amháin ar a laghad i gcás seachtar rannpháirtithe as ochtar, ní thuairiscíonn ach ceathrar acu go bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga labhartha sa bhaile. Mar a bheifí ag súil leis, tá Gaeilge líofa ag an mbeirt tuismitheoirí/chaomhnóirí i gcás na rannpháirtithe a deir gur Gaeilge amháin a labhraítear sa bhaile.

Tuairiscíonn seisear rannpháirtithe go labhraíonn a dtuismitheoirí/caomhnóirí Gaeilge le chéile i gcónaí nó go minic, ach ní thuairiscíonn ach triúr go labhraíonn siad féin Gaeilge lena dtuismitheoirí/caomhnóirí chomh minic céanna:

**Teanga Bhaile na Rannpháirtithe**




**Cleachtas Teanga sa Teaghlach**

## 6.5 Cleachtas Teanga ar Scoil

Mar a bheifí ag súil leis, tá cleachtas teanga beagáinín níos fabhraí i leith na Gaeilge i bhfeidhm sna scoileanna:




## 6.6 Cleachtas Teanga sa Phobal

Deir an chuid is mó de na rannpháirtithe gur labhair siad Gaeilge 'anois is arís' nó níos minice taobh amuigh den scoil le seachtain anuas:




**Minicíocht Labhairt na Gaeilge**

Mar a léirítear san fhigiúr thíos, is le comharsana, le lucht na siopaí agus le foirne caiféanna/bialann is mó a labhraíonn na daoine óga Gaeilge:




**Cleachtas Teanga sa Phobal**

Feictear san fhigiúr thíos go bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag tuismitheoirí/caomhnóirí na rannpháirtithe agus go mbíonn cleachtas teanga na rannpháirtithe ag brath go mór ar nósanna teanga sa phobal:




**Cleachtas Teanga sa Phobal**

## 6.7 Caitheamh Aimsire

Is iad campaí samhraidh, sacar agus ranganna ceoil na caithimh aimsire is mó a dhéantar i measc an tsampla, agus is ag ranganna ceoil is mó a labhraíonn na rannpháirtithe Gaeilge:

| | Gaeilge | Meascán de Ghaeilge agus Béarla | Béarla | Ní dhéanaim seo |
|---|---|---|---|---|
| **Ag campaí samhraidh** | 4 | 1 | 2 | 1 |
| **Ranganna ceoil** | 5 | 1 | 1 | 1 |
| **Sacar** | 3 | 1 | 3 | 1 |
| **Peil Ghaelach** | 3 | - | 2 | 3 |
| **Ranganna amhránaíochta** | 3 | - | 1 | 4 |
| **Ranganna damhsa** | 2 | 1 | 1 | 4 |
| **Rugbaí** | 1 | 2 | 1 | 4 |
| **Iománaíocht/camógaíocht** | 1 | 1 | - | 6 |

**Caitheamh Aimsire**

## 6.8 Cúrsaí Teicneolaíochta

Mar a léirítear thíos, is beag Gaeilge a úsáideann óige an LPT agus iad ag plé leis an idirlíon/le teicneolaíocht:




**Cleachtas Teanga agus Cúrsaí Teicneolaíochta**

Chomh maith leis sin, ní thuairiscíonn ach duine amháin sa sampla go mbíonn sé/sí ag breáthú ar chláir teilifíse i nGaeilge go minic.

## 6.9 Tearmainn Teanga

Deir seisear den ochtar rannpháirtithe go bhfuil áit ar leith sa cheantar (seachas an scoil) a labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí agus iad ann. Léirítear sa tábla thíos na háiteanna atá i gceist:

| Áit | Líon Rannpháirtithe |
|---|---|
| Sa bhaile | 4 |
| Teach a seantuismitheoirí | 3 |
| Campa samhraidh | 2 |
| Le seandaoine | 1 |

**Tearmainn Teanga**

## 6.10 Dearcadh Teanga

Iarradh ar na rannpháirtithe a gcuid tuairimí a léiriú i leith 11 cheann de ráitis maidir le cúrsaí teanga:




**Dearcadh i leith na Gaeilge**

Baineann an chéad chúig ráiteas san fhigiúr thuas le dearctha ginearálta i leith na teanga agus léirítear go bhfuil tacaíocht ann i measc an tsampla don teanga, ach go bhfuil formhór na rannpháirtithe níos compordaí leis an mBéarla ná an Ghaeilge. Léiríonn freagraí i leith an dá ráiteas dheireanacha go dtacaíonn formhór na rannpháirtithe leis an bpróiseas pleanála teanga ar an oileán.

## 6.11 Imeachtaí Gaeilge

Mar a léirítear thíos, is i gclubanna óige, i dturais agus in imeachtaí éagsúla sóisialta trí Ghaeilge is mó a bheadh spéis ag na daoine óga:




-/

**Imeachtaí**

## 6.12 Tátal

Mar gheall ar mhéid an tsampla is beag ginearálú gur féidir a dhéanamh ar na torthaí taighde seo. Mar sin féin, léiríonn sé go bhfuil ag éirí go fóill leis an aos óg ar Thoraigh an Ghaeilge a shealbhú – sa bhaile, sa scoil nó sa phobal. Moltar, áfach, go ndéanfar tosaíocht de spriocghrúpa na hóige agus plean teanga á chur le chéile den LPT, go háirithe mar a bhaineann sé le deiseanna agus spreagthaí úsáide Gaeilge.

## 7. Bearta an Phlean Teanga

### 7.1 Réamhrá

Is eagras forbartha pobail é an cheanneagraíocht atá ag plé le forbairt phobail ar bhunús leanúnach ó thús a bhunaithe. Tá taithí ag an cheanneagraíocht ar an phróiseas forbartha pobail agus aithnítear go bhfuil gnéithe agus tréithe faoi leith ag teastáil chun a chinntiú go mbeidh éifeacht agus rath ag baint le gníomhaíochtaí forbartha. I measc na ngnéithe riachtanach tá:

- Pobal atá spreagtha chun éileamh a dhéanamh ar sheirbhís nó rud faoi leith atá in easnamh sa cheantar;
- Meon úinéireachta nó dearcadh sa phobal go bhfuil tionchar agus seilbh ag an phobal ar fhorbairt beartas;
- Ceannairí agus gníomhairí áitiúla atá tiomanta agus dírithe ar an phróiseas chun gnímh a thabhairt chun foirfeachta nó chun críche;
- Comhoibriú agus rannpháirtíocht leanúnach ón phobal.

Aithnítear gur cuid lárnach den phróiseas pleanála teanga í an fhorbairt phobail chomh maith chun a chinntiú go mbeidh rath ar chur i bhfeidhm bhearta an phlean.

Próiseas céimiúil, thar thréimhse seacht mbliana, a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an phlean teanga seo. Go fadtéarmach, ní féidir a bheith ag dréim go dtiocfadh le hoibrithe deonacha an obair dhúshlánach a bheidh i gceist a ghlacadh idir lámha.

Beidh sé riachtanach go mbeidh gníomhaire pleanála teanga, leis na cáilíochtaí cuí, fostaithe chun dul i mbun na hoibre chun móiminteam sa phróiseas a chothú agus a chaomhnú.

Bunófar struchtúr comhpháirtíochta sa LPT a bheidh ag feidhmiú ar bhunús idirghníomhaíochta.

### 7.2 Réimsí na mBeart sa Phlean Teanga

Déantar cur síos ar bhearta an phlean teanga faoi na réimsí A go K a leanas, mar atá leagtha síos sna *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016) atá foilsithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge.

Níl réimsí na mbeart leagtha amach in ord tosaíochta

Baineadh feidhm as na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi *Acht na Gaeltachta, 2012* mar fhráma tagartha chun na bearta a chur i gceann a chéile. Seo a leanas na príomhréimsí ar a bhfuil na critéir bunaithe:

A - An córas oideachais (luathoideachais san áireamh)

B - Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

C - Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile

D - Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais

E - An earnáil ghnó

F - Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn

G - Na meáin chumarsáide

H - Seirbhísí poiblí

I - Pleanáil agus forbairt fhisiceach

J - Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire

K - Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.

## 7.3 Struchtúr Feidhmithe an Phlean

### 7.3.1 Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Teanga LPT Thoraí

| **Beart** | **Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Teanga LPT Thoraí** |
|---|---|
| **Réimsí** | K (Staid na Gaeilge) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 1 |
| **Aidhm** | Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) a cheapadh a chuirfidh le cur chun cinn na Gaeilge i dToraigh trí fheidhmiú an phlean gníomhaíochta seo |
| **Eolas Breise** | Beidh OPT lánaimseartha le fostú, faoi stiúir na ceanneagraíochta chun Plean Teanga LPT Thoraí a chur i bhfeidhm.<br><br>Cothófar comhpháirtíocht idirghníomhach idir an tOPT agus Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí leis an choiste ag feidhmiú mar choiste stiúrtha.<br><br>Déanfar daoine breise a mhealladh agus a cheapadh chun páirt a ghlacadh ar Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí.<br><br>Eagrófar cruinniú uair sa mhí (nó níos minice de réir mar is gá) idir an tOPT, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí agus an cheanneagraíocht le plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean teanga. |
| **Páirtithe Leasmhara** | An cheanneagraíocht (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | € 410,925 (feic mír 8.2 thíos fá choinne briseadh síos iomlán) |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €58,704 (meánchostas in aghaidh na bliana) |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Iarrthóir a aimsiú leis na cáilíochtaí teanga agus tuiscint dhomhain ar shaol uathúil oileáin |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Sa chás nach dtig teacht ar iarrthóirí leis na cáilíochtaí cuí, d'fhéadfaí duine a bhfuil taithí aige/aici ar réimsí ábhartha agus gaolmhara a fhostú ar an bhonn go dtabharfadh sé/sí faoi cháilíocht sa phleanáil teanga i ndiaidh an cheapacháin. |
| **Monatóireacht ar chur** | Beidh éifeacht an OPT le feiceáil i ndul chun cinn an phlean ina iomláine |

| | |
|---|---|
| **i bhfeidhm an bhirt** | Beidh tuairiscí míosúla á dtabhairt ag an OPT don Choiste Pleanála Teanga |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh comhordú éifeachtach maidir le cur i bhfeidhm an phlean le feiceáil sna himeachtaí a bheas á gcur i gcrích |

**7.3.2 Seoladh Phlean Teanga Thoraí agus Feachtas Feasachta**

| **Beart** | **Seoladh Phlean Teanga Thoraí agus Feachtas Feasachta** |
|---|---|
| **Réimsí** | K (Staid na Gaeilge) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 2, 12, 13 |
| **Aidhm** | Leas a bhaint as an eolas ar fad a tháinig chun cinn sa phróiseas taighde seo chun muinín a thabhairt don phobal go dtig an Ghaeilge a láidriú ar an oileán agus an plean seo a chur i bhfeidhm |
| **Eolas Breise** | • Seoladh oifigiúil a dhéanamh ar an Phlean Teanga<br>• Cumarsáid éifeachtach ar bhonn leanúnach a chruthú idir Coiste Pleanála Oileán Thoraí agus pobal an oileáin<br>• Eolas faoi ghníomhartha an phlean a scaipeadh ar an phobal.<br>• Nasc darbh ainm "Cairde Thoraí" a chruthú chun eolas a scaipeadh ar diaspóra an oileáin agus daoine eile a bhfuil suim acu san oileán<br>• Leas a bhaint as modhanna traidisiúnta agus teicneolaíochta nua chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi phróiseas na pleanála teanga ar an oileán |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí, An cheanneagraíocht (rannpháirtíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €8,500 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €2,500 sa chéad bhliain agus €1,000 gach bliain ina dhiaidh sin |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Údarás na Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Rannpháirtíocht an phobail bhuain, diaspóra an oileáin agus cuairteoirí rialta a spreagadh chun tacú leis an phlean. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tá plean deartha ag an Choiste Pleanála Teanga a bhfuil sé ina sprioc taispeáint go bhfuil buntáistí sóisialta ag baint le gníomhaíochtaí teanga bhunaithe a chur i bhfeidhm. Meastar go mbeidh tacaíocht a thabhairt ag an phobal bhuan, diaspóra an oileáin agus cuairteoirí rialta do na hiarrachtaí seo mar thoradh ar an fheachtas feasachta. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Déanfaidh Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí meastóireacht ar an bheart seo mar pháirt den athbhreithniú bliantúil |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh éifeachtacht an fheachtais feasachta á mheas ag an choiste stiúrtha bunaithe ar tascáirí cosúil le - tuiscint an phobail ar thábhacht an phlean, rannpháirtíocht pobail i gcur chun cinn an phlean, líon daoine atá ag glacadh páirte sna bearta, inchur ó dhiaspóra an oileáin agus an líon daoine atá ag baint breis úsáide as an teanga mar gheall ar imeachtaí atá á reáchtáil mar chuid den Phlean Teanga. |

## 7.4 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Mar gheall go bhfuil Scoil Naomh Colmcille agus Coláiste Phobail Cholmcille ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus a gcuid pleananna á gcur i bhfeidhm acu, tá na beartais seo deartha chun breis luach a ghiniúint don obair atá ar bun agus an teanga a chur chun cinn go fadtéarmach ar an oileán sa chóras oideachais, agus a chinntiú go mbeidh an úsáid cheart á baint as acmhainní daonna an oileáin.

### 7.4.1 Soláthar Acmhainní Gaeilge do Naíonra an Oileáin

| **Beart** | **Soláthar Acmhainní Gaeilge do Naíonra an Oileáin** |
|---|---|
| **Réimsí** | A (An Córas Oideachais) &<br>B (seirbhísí réamhscolaíochta) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 7, 8 & 9 |
| **Aidhm** | Tacaíochtaí oideachasúla a chur ar fáil don Naíonra chun tacú leo na páistí a ullmhú don aistriú chuig an bhunscoil |
| **Eolas Breise** | Tá béim faoi leith sna pleananna faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ar shaibhreas teanga agus chultúir an oileáin a cheangal isteach leis an churaclam agus tá an dá scoil ag ceangal oileánaigh, agus an saibhreas teanga agus chultúrtha atá acu, isteach sa chlár teagaisc.<br><br>I gcás an naíonra, faoi láthair is ábhar teagaisc caighdeánach amháin atá ar fáil daofa. Tá sé mar aidhm níos mó ábhar a bheith ar fáil a bhfuil Gaeilge áitiúil le fáil ann, beidh acmhainní breise foghlama á gcur ar fáil i gcomhairle le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Is naíonra nua-bhunaithe é an tIonad Luathoideachais ar an oileán agus aithníonn an Coiste Pleanála Teanga go bhfuil gá le breis infheistíochta a dhéanamh i dtacaíochtaí oideachasúla chun a chinntiú go bhfuil saibhreas teanga á theagasc do na páistí sa bhunscoil. |
| **Páirtithe Leasmhara** | An tOPT (príomhúinéir), An cheanneagraíocht, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht), bainistíocht an Naíonra (tacaíocht agus comhairle), Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tuismitheoirí Na Gaeltachta. |

| | |
|---|---|
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-2 |
| **Costas Measta Iomlán** | €6,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Bliain 1 - €4,000 – Athscríobh i nGaeilge Thoraí agus priontáil<br>Bliain 2 - €2,000 |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Údarás na Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Ní mheastar go mbeidh aon dúshláin i gcur i bhfeidhm an bhirt mar gur ceannacht ábhar léitheoireachta atá i gceist |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tá comhairleoireacht déanta le Comhar Naíonraí na Gaeltachta faoin ábhar lena chinntiú gurb é an t-ábhar is fóirsteanaí d'Oileán Thoraí a bheas á chur ar fáil agus dá bhrí sin ní bheidh aon dúshlán i gceist. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh cruinniú leathbhliana ag an OPT le hOifigeach Forbartha CNNG agus pléifear an beart seo ag an chruinniú. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh ceist saibhreas teanga na glúine óige agus tionchar bhearta an phlean á phlé ag an Choiste Pleanála Teanga le hionadaithe ó scoileanna agus naíonra an oileáin go bliantúil. Coinneofar tuairiscí de na hábhair á bpléifear. |

### 7.4.2 Líon na ndaltaí a dhéanann freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille a mhéadú

| **Beart** | **Líon na ndaltaí a dhéanann freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille a mhéadú** |
|---|---|
| **Réimsí** | A (An Córas Oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 5, 6 |
| **Aidhm** | Líon na ndaltaí a dhéanann freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille a ardú thar thréimhse an Phlean Teanga trí scoláirí atá ag fáil a gcuid bunoideachais i scoileanna eile faoi láthair a mhealladh chun a gcuid meánoideachais a dhéanamh i dToraigh |
| **Eolas Breise** | Le linn scoilbhliain 2018/19 bhí seisear ag freastal ar an mheánscoil agus aon déag dálta ag freastal ar an bhunscoil. Tá sé aitheanta ag an Choiste Pleanála Teanga mar thosaíocht ó thaobh na teanga agus inmharthanacht an oileáin go dtabharfar faoi fheachtas chun daoine óga, go háirithe ó diaspóra an oileáin, a mhealladh chun a gcuid meánoideachais a fháil ar Oileán Thoraí.<br><br>Ach an constaic mhór a shárú trí phacáiste deontais ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta bheith curtha ar fáil chun tithe lóistín a |

| | |
|---|---|
| | thabhairt suas go caighdeán sásúil beidh feachtas bolscaireachta á chur ar bun chun daoine óga a mhealladh ón mhór thír le freastal a dhéanamh ar Choláiste Phobail Cholmcille.<br><br>Ar an tuiscint go mbeidh deis ag oileánaigh a gcuid tithe a uasghrádú go caighdeán inghlactha ionas go dtig scoláirí a choinneáil iontu beidh feachtas á chur ar bun mar pháirt den phlean seo chun breis daoine a mhealladh chun clárú le Coláiste Phobail Cholmcille.<br><br>Pléigheann beart 7.12.2 go sonrach le scéim chun cuidiú leis an phobal a gcuid tithe a uasghrádú go caighdeán a bheadh inghlachta ag an Roinn chun scoláirí a choinneáil, ach chun é seo a chur i bhfeidhm, beidh ar bhord bainistíochta na Meánscoile tabhairt faoin fheactas seo.<br><br>Má bhíonn an lóistín do scoláirí curtha ar fáil ar chaighdeán atá inghlachta ag an Roinn, beidh an mheánscoil in ann a bheith rannpháirteach i scéimeanna ina mbronnfar scoláireachtaí ar dhaltaí chun na hidirbhliana a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.<br><br>Fosta, beidh sé ar chumas na scoile oícheanta eolais a reáchtáil ar an tír mhór chun teaghlaigh na bpáistí bunscoile, atá ag réiteach don scolaíocht ag leibhéal na meánscoile, a chur ar an eolas faoi na buntáistí oideachasúla ar an oileán |
| **Páirtithe Leasmhara** | An cheanneagraíocht (príomhúinéir), An tOPT, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht), Bord Bainistíochta agus foireann na coláiste, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Tuismitheoirí. |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 2 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €12,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €2,000 - ar díolachán crua a dhéanamh i scoileanna agus grúpaí tuismitheoirí, i measc na míreanna caiteachais beidh taisteal, ábhar clóite, cíos ar seomraí agus sólaistí |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Má éiríonn leis an bheart seo, beidh breis daoine ag aois meánscoile ag teacht chun cónaí a dhéanamh ar an oileán, cuid acu nach mbeidh ceangal teaghlaigh acu leis an oileán, beidh seans ann go n-athrófar an chothromaíocht shóisialta i measc an aoisghrúpa sin. Beidh inchur tábhachtach eile ag na forálacha sa phlean chun a chinntiú go mbeidh tús áite ag an Ghaeilge i saol sóisialta na n-óg ar an oileáin, na daoine úra a thagann chun an oileáin san áireamh. |

| | |
|---|---|
| | Le cinntiú go mbeidh an Ghaeilge in uachtar mar theanga chaidrimh agus shóisialta i measc na ndaltaí a thagann isteach chuig an oileán agus idir iad agus daltaí áitiúla fosta ní gá, mar shampla, go mbeadh chuile dhalta a thiocfas isteach ag teacht ó scoil Ghaeltachta ná fiú amháin ó Ghaelscoil beidh polasaí láidir Gaeilge i bhfeidhm sa Choláiste. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Beidh réamhphlean le haontú leis an Roinn chun cur ar chumas lucht tí a gcuid tithe a chur in oiriúint do scoláirí, beidh seo ábhartha do roinnt beart sa phlean seo.<br><br>Ó thaobh daoine óga a bhéas ag teacht chun an oileáin chun freastal ar an mheánscoil, beidh sé le tuiscint acu gur í an Ghaeilge teanga an phobail agus ní hamháin gur teanga í atá teoranta do chlós na scoile. Déanfar seo a shoiléiriú san fheactas earcaíochta. Tá bearta an phlean seo deartha chun tionchar dearfach a bheith acu ar dhearcadh an aoisghrúpa óg i leith na Gaeilge. Beidh ról lárnach le himirt ag na bearta, atá dírithe ar imeachtaí sóisialta tré mheán na Gaeilge, ar an phobal "nua" seo. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Déanfar dul chun cinn an bhirt seo a phlé ag cruinnithe an Choiste Pleanála Teanga i gcuideachta ionadaithe ó earnáil oideachais an oileáin. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh rath na hiarrachta le feiceáil sa líon breise daltaí a thagann chun an oileáin chun a gcuid meánscolaíochta a fháil agus coinneofar taifead ar líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an mheánscoil mar thoradh ar an bheart seo. |

### 7.4.3 Tacaíochtaí a chur ar fáil chun cur ar chumas daltaí páirt a ghlacadh in imeachtaí seach-churaclaim

| **Beart** | **Tacaíochtaí a chur ar fáil chun cur ar chumas daltaí páirt a ghlacadh in imeachtaí seach-churaclaim** |
|---|---|
| **Réimsí** | A (An Córas Oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 5,6 |
| **Aidhm** | Deis a thabhairt do dhaltaí scoile i dToraigh buntáiste a bhaint as na deiseanna céanna a thugtar do scoileanna eile Gaeltachta sa chontae. m.sh. freastal ar an Fhéile Scoildrámaíochta |
| **Eolas Breise** | Tá se i gceist beart a chur i bhfeidhm a chuirfidh saineolas ar fáil do na daltaí ar an oileán i réimse an imeachta agus a thabharfaidh tacaíocht phraiticiúil do na daltaí páirt a ghlacadh san imeacht. I gcás An Fhéile Scoildrámaíochta cuirfear ceardlanna drámaíochta ar siúl sa scoil chomh maith le tacaíocht chun bheith páirteach sa chomórtas i nGaoth Dobhair. |

| | |
|---|---|
| **Páirtithe Leasmhara** | An tOPT (príomhúinéir), An cheanneagraíocht, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht), Boird Bainistíochta agus foireann na scoileanna, Muintearas, Club Óige an oileáin. |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €21,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Costas le háisítheoirí a thabhairt chun an oileáin - €2,000<br>Taisteal agus iompar chuig imeachtaí - €1,000<br>Iomlán sa bhliain - €3,000 |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Taobh amuigh de dheacrachtaí iompar chun an oileáin ní mheastar go mbeidh aon dúshláin eile le sárú |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Déanfar gach iarracht solúbthacht a choinneáil san áireamh ó thaobh eagrú an bhirt, go háirithe áisítheoirí a bhfuil tuiscint acu ar na bacanna ar féidir le suíomh an oileáin a chruthú ó thaobh aimsire de, agus a bheas ábalta gníomhú dá réir. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh cruinniú leathbhliana ag an OPT le bainistíocht agus foireann Scoil Naomh Colmcille agus pléifear an beart seo ag an chruinniú |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beifear ag díriú ar dheis a thabhairt do scoláirí Thoraí freastal ar imeacht seach-churaclaim amháin sa bhliain ar a laghad, agus coinneofar taifead ar rath an bhirt ag an chruinniú bliantúil idir an Coiste Pleanála Teanga agus ionadaithe ó scoileanna an oileáin. |

### 7.4.4 Scéim na gCúntóirí Teanga

| **Beart** | **Scéim na gCúntóirí Teanga** |
|---|---|
| **Réimsí** | A (An Córas Oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 4, 5,6, 7 & 8 |
| **Aidhm** | Cinntiú go mbeidh fáil ag na scoileanna ar an oileán ar Scéim na gCúntóirí Teanga. |
| **Eolas Breise** | Stocaireacht a dhéanamh le hardú feasachta a dhéanamh ar an scéim. Tá tábhacht faoi leith leis an scéim seo mar go gcuireann sé ar chumas scoileanna leanúint leis an tumoideachas Gaeilge agus bheith cinnte go bhfuil na tacaíochtaí cuí á bhfáil ag foghlaimeoirí Gaeilge.<br><br>Tá sé i gceist tacú le feachtais náisiúnta agus áitiúla chun a chinntiú go leanfaidh an scéim seo agus go mbeidh cúntóirí ar fáil nuair a bhéas gá leo i dToraigh thar thréimhse an phlean. |
| **Páirtithe Leasmhara** | An cheanneagraíocht (príomhúinéir), An tOPT, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí, Bord Bainistíochta agus foireann na scoileanna, |

| | |
|---|---|
| | Muintearas Teo (rannpháirtíocht) agus An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | Clúdófar costas an bhirt seo faoi thuarastal an OPT. |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Clúdófar costas an bhirt seo faoi thuarastal an OPT. |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Muintearas Teo, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Aontú a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna an maoiniú cuí a chur ar fáil fá choinne na scéime |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tré fheachtas Gaeltachta chun na scéimeanna a chaomhnú agus a leathnú |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh cruinniú leathbhliana ag an tOPT leis na scoileanna agus pléifear an beart seo ag an chruinniú. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh scéim na gcúntóirí teanga ar chlár na n-ábhar don chruinniú bliantúil idir an Coiste Pleanála Teanga agus ionadaithe ó scoileanna an oileáin. |

## 7.5 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

### 7.5.1 Club Obair Bhaile agus Seirbhís Thacaíochta Teanga do Thuismitheoirí

| **Beart** | **Club Obair Bhaile Seirbhís & Thacaíochta Teanga do Thuismitheoirí** |
|---|---|
| **Réimsí** | A (An Córas Oideachais) & B (Seirbhísí Tacaíochta Teanga) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 4, 6 & 7 |
| **Aidhm** | Club obair bhaile a bhunú a bhéas mar chuidiú do dhaltaí agus do thuismitheoirí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu a gcuid obair bhaile a dhéanamh trí Ghaeilge |
| **Eolas Breise** | Reáchtálfar club obair bhaile ar feadh uair an chloig tar éis na scoile do pháistí agus do thuismitheoirí chun tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí ar mhaith leo obair bhaile a dhéanamh i gcuideachta a bpáistí.<br><br>Tá sé i gceist go mbeidh an club obair bhaile ar siúl sa choláiste tar éis am scoile, go mbeidh deis ag daltaí ón dá scoil, agus na tuismitheoirí, aon soiléiriú a fháil a chuideoidh leo ó thaobh obair bhaile de, ó |

| | |
|---|---|
| | mhúinteoir ar feadh 4 lá na seachtaine. Beidh tacaíochtaí foghlama agus tacaíochtaí teanga i gceist |
| **Páirtithe Leasmhara** | An tOPT (príomhúinéir), An cheanneagraíocht, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí, Bord Bainistíochta na scoileanna, tuismitheoirí (rannpháirtithe) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €26,880 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €3,840 (€30 don áisítheoir x 4 lá x 32 seachtain) |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta,<br>An Bord Oideachais & Oiliúna |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Tuismitheoirí a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa tseirbhís |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Mar pháirt den fheachtas feasachta don phlean ina iomláine beidh deis buntáistí na scéime seo a phlé leis na tuismitheoirí |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh an tOPT ag cur tuairiscí rialta ar fáil don Choiste Pleanála Teanga faoi chur i bhfeidhm an bhirt seo |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh tionchar an bhirt seo ar ábaltacht na dteaghlach an obair bhaile a dhéanamh á phlé ag an Choiste Pleanála Teanga le hionadaithe ó scoileanna an oileáin go bliantúil. |

## 7.6 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

### 7.6.1 Club Óige

| **Beart** | **Club Óige** |
|---|---|
| **Réimsí** | C (Seirbhísí don Aos Óg) &<br>J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 10 & 11 |
| **Aidhm** | Gaeilge labhartha i measc na bpáistí / na ndéagóirí i dToraigh a láidriú trí imeachtaí a eagrú trí Ghaeilge faoi bhrat an chlub óige |
| **Eolas Breise** | Léiríonn an taighde a rinneadh ar an aos óg mar ullmhúchán don phlean seo nach í an Ghaeilge a dteanga labhartha eatarthu féin. Tá an beart seo deartha chun imeachtaí óige a chur ar fáil tré mheán na Gaeilge agus rólanna forbartha agus cinnireachta a chruthú chun inmharthanacht an chlub a chinntiú. |

| | |
|---|---|
| | Beidh an traenáil do na cinnirí agus d'imeachtaí an chlub óige dírithe ar chlub óige láidir, atá ábhartha do shaol aos óg an oileáin a chruthú agus struchtúr láidir a chothú ionas gur féidir leis an chlub óige bheith mar acmhainn luachmhar do fhorbairt na Gaeilge ar an oileán.<br><br>Beidh na gníomhaíochtaí breise seo le cur i bhfeidhm faoi scáth an chlub óige reatha san Ionad Pobail, beidh dhá bhuntáiste leis an bheart seo, club óige a bhuanú le himeachtaí atá ábhartha don aos óg agus cruthúnas an aosa óig go bhfuil an Ghaeilge ábhartha dá saol sóisialta. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Foróige (tacaíocht), Muintearas Teo. (tacaíocht agus comhairle), óige an oileáin (tacaíocht agus rannpháirtíocht), cinnirí Chlub Óige Thoraí, tuismitheoirí an oileáin (tacaíocht agus rannpháirtíocht), An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht). |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €35,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €5,000<br>• €1,000 chun traenáil do cheannairí a chur ar fáil<br>• €4,000 chun costaisí imeachtaí a chlúdach. m.sh. trealamh, ábhar, cúrsaí taistil, srl. |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Muintearas, Comhairle Contae Dhún na nGall |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Rannpháirtíocht a spreagadh i measc na ndaoine óga agus a dtuismitheoirí. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Taithí agus cuidiú a lorg ó ghrúpaí eile a oibríonn leis an óige laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh monatóireacht á dhéanamh ar an bheart seo sna cruinnithe rialta a bheas ag an tOPT agus an Coiste Pleanála Teanga, beidh deis bolscaireacht a thabhairt dó fríd an fheachtas feasachta |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Cuirfear tús leis an bheart seo trí anailís bhunlíne a dhéanamh chun staitisticí a fháil ar líon na ndaoine a dhéanann freastal ar imeachtaí an chlub óige agus briseadh síos ó thaobh aoise agus inscne de, beidh sé le feiceáil le himeacht ama an bhfuil tionchar ag an idirghabháil ar chinneadh an aosa óig bheith páirteach sa chlub óige. |

### 7.6.2 Campaí Samhraidh

| Beart | Campaí Samhraidh |
|---|---|
| **Réimsí** | C (Seirbhísí don Aos Óg) &<br>J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 10 & 11 |
| **Aidhm** | Campaí Samhraidh trí Ghaeilge a chur ar fáil d'aos óg an oileáin |
| **Eolas Breise** | Bhí Campa Samhraidh ar siúl ag Muintearas Teo in 2019 don tríú bliain as a chéile, mar an gcéanna leis an chlub óige, oibríonn sé go maith i measc na bpáistí is óige ach tá gá le hidirghabháil chun aird na ndéagóirí a tharraingt air.<br><br>Tá sé i gceist díriú ar imeachtaí a bhfuil suim ag na déagóirí iontu, cosúil le spóirt uisce agus dreapadóireacht. Tá sé i gceist Campaí Samhraidh a chur ar siúl ar an oileán gach bliain le linn tréimhse an phlean seo agus tá sé i gceist, fríd an bheart seo, go ndéanfaí infheistíocht i dtrealamh chun na campaí sin a fheabhsú agus níos mó d'óige an oileáin a mhealladh chun bheith páirteach iontu. m.sh. spóirt uisce agus dreapadóireacht<br><br>Tá sé i gceist go ndéanfaí ceangal idir pobal Thoraí agus pobail eile Gaeltachta agus oileáin le linn saolré an phlean seo. I gcás na haoise óige, tá sé i gceist ceangal isteach le campaí samhraidh eile agus cuid de thréimhse an champa a chaitheamh i dToraigh. Tabharfaidh seo deis do phobal óg an oileáin foghlaim ó dhaoine óga eile faoi fhás aníos i gceantar Gaeltachta agus faoi thábhacht na teanga daofa. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), óige an oileáin (tacaíocht agus rannpháirtíocht), tuismitheoirí an oileáin (tacaíocht agus rannpháirtíocht), Muintearas (tacaíocht agus comhairle), An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €14,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Beidh infheistíocht de €2,000 á dhéanamh gach bliain chun a chinntiú go mbeidh imeacht ar siúl gach bliain sa champa samhraidh atá roghnaithe ag aos óg an oileáin. Luadh spóirt uisce agus dreapadóireacht le linn an chomhairliúcháin agus déanfar tuilleadh comhairliúcháin i ndiaidh ana chéad champa chun riachtanais an aosa óig a mheas. Beidh an t-airgead á chaitheamh ar mheascán de |

| | |
|---|---|
| | sholáthróirí chun an imeacht a chur ar siúl agus ar threalamh gur féidir a áth-úsáid ar an oileán. |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Muintearas, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Suim an aosa óig a tharraingt ar rannpháirtíocht a ghlacadh in imeachtaí na gCampaí Samhraidh |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tá an beart seo dírithe ar aschur na gCampaí Samhraidh a dhéanamh níos ábhartha d'aos óg an oileáin |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Scaipfear foirmeacha aiseolais ar na rannpháirtithe achan bhliain le héifeacht an bhirt a mheas, agus beidh an imeacht an bhliain dár gcionn bunaithe ar an aiseolas sin. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Cuirfear tús leis an bheart seo trí anailís bhunlíne a dhéanamh chun staitisticí a fháil ar líon na ndaoine óga ar an oileán a dhéanann freastal ar an champa samhraidh bliantúil agus briseadh síos ó thaobh aoise agus inscne de. Beidh sé le feiceáil in imeacht ama an bhfuil tionchar ag an idirghabháil ar chleachtas teanga an aosa óig agus ar a gcinneadh bheith páirteach sa champa samhraidh. |

### 7.6.3 Ceardlanna Spóirt

| **Beart** | **Imeachtaí Spóirt** |
|---|---|
| **Réimsí** | C (Seirbhísí don Aos Óg) &<br>J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 10 & 11 |
| **Aidhm** | Sraith ceardlanna spóirt a chur ar fáil ar an oileán |
| **Eolas Breise** | Tá an-suim i spórt i dToraigh ach mar gheall ar easpa áiseanna agus ar shuíomh an oileáin a bheith scartha amach ó chlubanna spóirt eile níl na deiseanna céanna ag an aos óg páirt a ghlacadh i spórt, caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí fisiciúla agus atá ag daoine ó cheantair eile Gaeltachta.<br><br>Tá sé i gceist sraith cúrsaí agus ceardlanna spóirt a chur ar fáil i dToraigh, trí mheán na Gaeilge, agus nascanna a chothú le clubanna spóirt as ceantair eile Gaeltachta chun deiseanna aclaíochta a chur ar fáil ar an oileán do dhaoine óga agus cruthú don phobal go dtig ceangal phraiticiúil a dhéanamh idir caitheamh aimsire agus an Ghaeilge. |

| | |
|---|---|
| | Tá anailís bhunlíne á déanamh ag Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall faoi láthair chun eolas a fháil ar na cineáil spóirt is oiriúnaí chun cur ar fáil ar an oileán i bhfoirm ceardlainne.<br><br>Meastar go mairfidh gach ceardlann ar feadh sé seachtainí, cothófar nascanna le clubanna spóirt Gaeltachta agus beidh cóitsealaí ag taisteal chun an oileáin uair sa tseachtain chun seisiúin a chur ar fáil, ag baint úsáide as áiseanna an oileáin. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Foróige (tacaíocht), Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, óige an oileáin (tacaíocht agus rannpháirtíocht), tuismitheoirí an oileáin (tacaíocht agus rannpháirtíocht), clubanna spóirt atá lonnaithe sa Ghaeltacht, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht), Muintearas. |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €26,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €2,000 don chéad bhliain agus €4,000 in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin do chlár reatha ag díriú ar spóirt difriúla |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Tá sé aitheanta ag an phointe seo gur gá acmhainní daonna áitiúla a fhorbairt |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Cuirfear deiseanna traenála ar fáil agus beidh na cláracha dírithe ar spóirt áineasa seachas spóirt iomaíoch |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Déanfar suirbhé ar na rannpháirtithe tar éis gach sraith ceardlann. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh buneolas ar fáil ag an choiste faoi líon na rannpháirtithe agus aiseolas uathu faoi cad é mar a thaitin an cheardlann leo. Beidh an t-eolas seo á úsáid ag an tOPT agus ag an Choiste Pleanála chun na ceardlanna a fheabhsú agus a dhéanamh níos ábhartha don phobal in imeacht na mblianta. |

## 7.7 <u>Deiseanna Foghlama lasmuigh den Chóras Oideachais</u>

### 7.7.1 Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta

| **Beart** | **Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta** |
|---|---|
| **Réimsí** | D (Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 11 & 12 |

| | |
|---|---|
| **Aidhm** | Deiseanna foghlama agus labhartha a chur ar fáil do phobal an LPT le béim faoi leith ar léamh agus scríobh na teanga agus an pobal a mhealladh i dtreo fhoghlaim agus labhairt na Gaeilge. |
| **Eolas Breise** | Ranganna Gaeilge a reáchtáil chun deis a thabhairt do dhaoine ar an oileán atá ar bheagán Gaeilge an teanga a fhoghlaim agus snas a chur uirthi ionas go mbeidh siad compordach á labhairt sa phobal.<br><br>Tá sé beartaithe na ranganna a chur ar bun go seachtainiúil sa tráthnóna, ag baint úsáide as áiseanna scoile agus múinteoirí an oileáin.<br><br>Déanfar poiblíocht sa samhradh ar ranganna/ciorcail chomhrá taobh amuigh den oileán do thurasóirí. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT(príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht agus poiblíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht agus poiblíocht), pobal an oileáin (rannpháirtíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €18,200 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | € 2,600<br>2 rang x 20 seachtain @ €40 don mhúinteoir = €1,600<br>1 chiorcal comhrá x 25 seachtain @ €40 an ceann = €1,000 |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Údarás na Gaeltachta<br>An Bord Oideachais & Oiliúna<br>An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Rannpháirtíocht an phobail a chinntiú. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Mar pháirt den fheachtas feasachta don phlean ina iomláine beidh deis buntáiste na scéime seo a phlé leis na tuismitheoirí agus le pobal an oileáin trí chéile. Chomh maith le sin, nuair a bhéas beartais eile an phlean á gcur i bhfeidhm beidh eolas ag an phobal ar an mhórsproic do láidriú na Gaeilge ar an oileán. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna agus ar na ciorcail chomhrá. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Déanfaidh an Coiste Pleanála Teanga athbhreithniú ar rath na ranganna agus ar rath an chiorcail chomhrá ó thaobh éifeacht an bhirt de, ag díriú ar thinreamh agus ar fheabhas chumas Gaeilge na |

| | |
|---|---|
| | rannpháirtithe ach go háirithe. Scaipfear foirmeacha aiseolais ar na rannpháirtithe achan bhliain le héifeacht an bhirt a mheas. Is féidir leasuithe a dhéanamh ar an bheart má bhíonn gá leo. |

**7.7.2 Ócáidí Tumoideachais**

| **Beart** | **Ócáidí Tumoideachais** |
|---|---|
| **Réimsí** | D (Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 11 & 12 |
| **Aidhm** | Foghlaimeoirí a spreagadh chun úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge sa Phobal |
| **Eolas Breise** | Ócáid bhliantúil tumoideachais a reáchtáil d'fhoghlaimeoirí áit a mbeadh siad ag cur snas ar a gcuid Gaeilge, m.sh go mbeadh ócáid dheireadh seachtaine eagraithe do fhoghlaimeoirí áit a mbeadh siad ag baint úsáid leanúnach as a gcuid Gaeilge.<br><br>I measc an tsóirt ócáide go dtiocfaí a eagrú do rannpháirtithe bheadh turas chuig Oireachtas na Gaeilge, turas oileán Gaeltachta eile nó bheith páirteach i ndeireadh seachtainí tumoideachais a bhíonn á reáchtáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht agus poiblíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht agus poiblíocht), pobal an oileáin (rannpháirtíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 2 – Bliain 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €18,000 |
| **Costas Measta in Aghaidh na bliana** | €3,000 costas measta an imeachta |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Údarás na Gaeltachta<br>An Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Ní mheastar go mbeidh aon dhúshláin ann mar go mbeidh an beart seo ag leanúint ar aghaidh ó na ranganna Gaeilge do dhaoine fásta |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán i gceist. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Coinneofar taifead ar líon na n-imeachtaí a ndéanfar freastal orthu agus ar an líon rannpháirtithe. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Scaipfear foirmeacha aiseolais ar na rannpháirtithe ag deireadh na hócáide gach bliain le héifeacht an bhirt a mheas agus é a fheabhsú don bhliain dár gcionn. |

### 7.7.3 Sraith Ceardlann Sóisialta

| **Beart** | **Sraith Ceardlann Sóisialta a Reáchtáil trí Ghaeilge** |
|---|---|
| **Réimsí** | J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) &<br>D (Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 11 & 12 |
| **Aidhm** | Deiseanna rannpháirtíocht shóisialta a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge ar an oileán |
| **Eolas Breise** | Ní ranganna Gaeilge atá ann, ceardlanna trí Ghaeilge atá i gceist leis an bheart seo.<br><br>Réimse leathan de chláracha sóisialta a reáchtáil i gcaitheamh na bliana, suas le trí chlár sa bhliain a chur ar siúl. Braitheann rogha na gcláracha ar na teagascóirí a bheith ar fáil agus áiseanna a bheith á gcur ar fáil ar an oileán. Ní bheidh na ceardlanna dírithe ar fhoghlaim na Gaeilge amháin, ach beidh deis ag an phobal tabhairt faoi imeachtaí úra trí mheán na Gaeilge ar nós:<br>- Drámaíocht<br>- Imeachtaí folláine, m.shióga, aireachas agus aclaíocht<br>- Garradóireacht<br>- Cócaireacht<br>- Damhsa (stíleanna difriúla)<br>- Rothaíocht<br>- Oideas sóisialta |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht agus poiblíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht agus poiblíocht), pobal an oileáin (rannpháirtíocht), Ealaín na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (tacaíocht) agus geallsealbhóirí eile ag brath ar ábhar na gceardlann, Tuismitheoirí na Gaeltachta. |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €52,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Ceardlann amháin sa chéad bhliain agus dhá shraith ceardlann in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin, costas measta de €4,000 ar gach sraith ceardlann |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Údarás na Gaeltachta<br>Comhairle Chontae Dhún na nGall<br>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Deacrachtaí loighisticiúla is mó a chuirfidh bac ar chur i bhfeidhm an bhirt seo, mar theagascóirí a aimsiú agus taisteal chuig an oileán a shocrú |

| | |
|---|---|
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Beidh solúbthacht na dteagascóirí de dhíth chun an bheart seo a chur i bhfeidhm. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Taifead a choinneáil ar na ceardlanna a reáchtáiltear agus ar an líon freastail. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Scaipfear foirmeacha aiseolais ar na rannpháirtithe ag deireadh gach sraith ceardlann le héifeacht an bhirt a mheas agus é a fheabhsú don chéad sraith ceardlann eile. Is í aidhm an bhirt seo nó deiseanna rannpháirtíocht shóisialta a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge ar an oileán. Beidh éifeacht an bhirt á mheas ar an líon daoine a ghlacann páirt ann. Beidh an t-ábhar á choinneáil faoi athbhreithniú ag an Choiste Pleanála Teanga. |

## 7.8 An Earnáil Ghnó & Turasóireachta

### 7.8.1 Coláiste Gaeilge

| **Beart** | **Seirbhísí Coláiste Gaeilge a chur ar fáil** |
|---|---|
| **Réimsí** | E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 13 & 19 |
| **Aidhm** | Leathnú a dhéanamh ar na deiseanna foghlama Gaeilge atá á dtairiscint ar an oileán. |
| **Eolas Breise** | Níl traidisiún Coláistí Samhraidh i dToraigh mar atá ar oileáin Gaeltachta eile, cé go bhfuil tobar domhain de shaibhreas ársa an chultúir Ghaelaigh le fáil ag lucht foghlama na Gaeilge ann<br><br>Tá cúrsa seachtaine á chur ar fáil ag Oideas Gael ar an oileán le ceithre bliana anuas i Saibhreas na Gaeilge. Taispeánann an togra seo go bhfuil féidearthachtaí ann cur leis an chúrsa, gné a léireoidh buntáiste eacnamaíoch na Gaeilge do bhunadh an oileáin. Déanfaidh seo inmharthanacht gheilleagar an oileáin a chinntiú mar phobal láidir Gaeltachta don todhchaí.<br><br>Sa ghearrthéarma tá sé mar aidhm níos mó cúrsaí seachtainiúla do dhaoine fásta a chur ar bun agus sa fadtéarma tá sé i gceist coláiste Gaeilge do dhaoine óga agus do theaghlaigh a chur ar bun.<br><br>Tá na háiseanna uilig i dToraigh atá de dhith chun cúrsa Gaeilge do beagnach daichead duine fásta ag aon am amháin a chur ar bun, idir |

| | |
|---|---|
| | seomraí ranga, lóistín, farantóireacht agus deiseanna caitheamh aimsire, chomh maith leis sin, tá saibhreas cultúrtha an-láidir ar an oileán, rud a chinnteoidh go mbeidh cúrsaí Gaeilge d'ard chaighdeán á gcur ar fáil. Beidh sé i gceist dul i gcomhpháirtíocht le soláthraí cúrsaí Gaeilge chun na cúrsaí a chur ar bun.<br><br>Beidh an beart seo ag díriú ar leathnú a dhéanamh ar chlár na gcúrsaí Gaeilge atá ar fáil i dToraigh a leathnú agus poiblíocht a dhéanamh orthu.<br><br>Pléigheann beart 7.12.2 go sonrach le scéim chun cuidiú leis an phobal a gcuid tithe a uasghrádú go caighdeán a bheadh inghlactha ag an Roinn chun scoláirí a choinneáil, ach chun é seo a chur i bhfeidhm, beidh deis ag an Choiste Pleanála Teanga Coláiste Gaeilge do dhaoine óga a bhunú ar an oileán.<br><br>Seo an beart is mó a bhfuil féidearthachtaí dearfacha aige ó thaobh forbairt na teanga agus inmharthanacht an phobail a chinntiú. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), soláthróirí seirbhísí Coláiste Gaeilge (tacaíocht) Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht agus poiblíocht), an cheanneagraíocht (tacaíocht agus poiblíocht), pobal an oileáin (rannpháirtíocht), An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 2 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €30,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €5,000, ón dara bliain ar aghaidh |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Údarás na Gaeltachta<br>An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Rannpháirtithe na gcúrsaí |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Is é seo an beart is mó a bhfuil dúshláin roimhe sa phlean seo, rannpháirtithe a aimsiú, costas taistil go dtí an oileán agus loistín a fhorbairt do na rannpháirtithe. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Beidh tacaíocht le fáil ó dhaoine a bhfuil taithí acu sa réimse seo.<br><br>Tá an beart seo ceangailte le beart 7.4.2 - **Líon na ndaltaí a dhéanann freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille a mhéadú"** mar go bhfuil gá le hinfheistíocht chun tithe a thabhairt suas chun caighdeán le scoláirí a choinneáil iontu. Ach beidh toradh ard ar an infheistíocht trí phobal an oileáin a mhéadú agus a láidriú, gné a mbeidh tionchar fíor láidir aige ar thodhchaí na teanga ar an oileán |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh an beart seo á phlé go leanúnach ag an Choiste Pleanála Teanga |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh éifeachtacht an bhirt á mheas bunaithe ar líon na gcúrsaí a chuirfear ar fáil agus an bhfuil méadú ag teacht ar an líon daoine a thagann go Toraigh le Gaeilge a fhoghlaim. Ardóidh an beart seo feasacht faoi thábhacht na Gaeilge mar theanga phobail i dToraigh, teanga atá mar dhlúthchuid de chultúr an oileáin.<br><br>Taobh amuigh den bhuntáiste eacnamaíoch a thabharfaidh turasóireacht d'ard chaighdeán don oileán, tabharfaidh turasóireacht bunaithe ar fhoghlaim na Gaeilge léiriú don phobal go bhfuil daoine sásta an t-am a ghlacadh chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus sásta dul go Toraigh chun é sin a dhéanamh. Tabharfar le fios fosta go bhfuil suim ag daoine i gcultúr an oileáin, go bhfuil sé uathúil agus tábhachtach agus go bhfuil daoine sásta iad féin a thumadh i saol an oileáin ar feadh seachtaine chun tuiscint a fháil ar thábhacht chultúr Thoraí sa saol Gaelach. Meastar go mbeidh tionchar aige seo ar an daoine óga agus go gcuidóidh sé leis an sprioc an aois óg a spreagadh chun an Ghaeilge a fheiceáil mar theanga sóisialta an ghlúin seo<br>Beidh deis ag an choiste scrúdú a dhéanamh ar an chomhghaol idir an líon daoine a thagann chun an oileáin le Gaeilge a fhoghlaim, an líon daoine óga a ghlacann páirt in imeachtaí an Phlean Teanga, agus, i ndeireadh na dála, an méadú a thagann ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail an oileáin.<br><br>Beidh deis ag an choiste scrúdú a dhéanamh ar an chomhghaol idir an líon daoine a thagann chun an oileáin le Gaeilge a fhoghlaim, an líon daoine óga a ghlacann páirt in imeachtaí an Phlean Teanga, agus, i ndeireadh na dála, an méadú a thagann ar úsáid na Gaeilge mar theanga pobail an oileáin. |

### 7.8.2 Comhpholasaí Teanga don Lucht Gnó

| **Beart** | **Comhpholasaí Teanga don Lucht Gnó** |
|---|---|
| **Réimsí** | E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 11, 13 & 14 |
| **Aidhm** | Polasaí teanga láidir a bheith á chur i bhfeidhm ag eagraíochtaí poiblí, ag soláthróirí seirbhísí agus ag an lucht gnó, iad sin atá lonnaithe ar an oileán agus iad sin a dhéanann freastal ar an oileán |

| | |
|---|---|
| **Eolas Breise** | Déanfar comhpholasaí teanga a fhorbairt a bheidh fóirsteanach – nó ar féidir a chur in oiriúint – d'eagraíochtaí, do choistí agus do ghnónna atá ar an oileán nó a dhéanann seirbhísí a chur ar fáil don oileán. Gheofar ionchur ó na grúpaí sin ar fad agus an polasaí á fhorbairt, agus iarrfar orthu ansin an polasaí a chur i bhfeidhm. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (tacaíocht, ionchur agus rannpháirtíocht), lucht gnó an LPT (ionchur agus rannpháirtíocht), baill coistí deonacha sa LPT (ionchur agus rannpháirtíocht), eagraíochtaí agus comharchumainn an LPT (ionchur agus rannpháirtíocht), Údarás na Gaeltachta (tacaíocht agus comhairle) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – Réamhobair agus forbairt an pholasaí<br>Bliain 2 –7 – Cur i bhfeidhm an pholasaí |
| **Costas Measta Iomlán** | €10,500 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €1,500 ó Bhliain 1-7 (le tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí/coistí/gnónna i dtaca le comharthaíocht, suíomhanna idirlín, stáiseanóireacht agus ábhar eile) |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Foras na Gaeilge<br>Údarás na Gaeltachta<br>An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Rannpháirtíocht a spreagadh i measc an luchta gnó, na n-eagraíochtaí agus na gcoistí agus iad a spreagadh leis an chomhpholasaí a chur i bhfeidhm. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Úsáidfear cur chuige rannpháirtíoch agus an polasaí á ullmhú agus spreagfar na grúpaí éagsúla lena n-ionchur féin a bheith acu sa pholasaí. Meastar go mbeidh tuiscint níos iomláine ag lucht gnó ar thábhacht na Gaeilge do gheilleagar an oileáin de réir mar atá an phlean seo á chur i bhfeidhm. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Cuirfear amach suirbhé gearr le linn Bhliain 3 agus le linn Bhliain 6 nó 7 chun aiseolas a fháil ó na páirtithe leasmhara i dtaca le héifeacht an bhirt sin .i. an bhfeictear don ghnó/eagraíocht/coiste go dtaitníonn sé le custaiméirí/baill níos mó Gaeilge a bheith in úsáid, an bhfuil aon mhéadú tagtha ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge leo (idir chustaiméirí agus bhaill/fhoireann), srl. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh an beart seo mar mhír sheasta ar an chlár oibre agus éifeacht an phlean á mheas ag an Choiste Pleanála Teanga. Beidh gníomhphlean á ullmhú agus beidh an coiste ag coinneáil taifid ar aon úsáid bhreise den teanga i measc lucht gnó mar gheall ar an chomhpholasaí teanga |

### 7.8.3 Gradaim Ghnó le Gaeilge Thoraí

| **Beart** | **Gradaim Ghnó le Gaeilge Thoraí** |
|---|---|
| **Réimsí** | E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 13 & 19 |
| **Aidhm** | Spreagthaí fiúntacha praiticiúla a thabhairt do ghnólachtaí úsáid na Gaeilge a mhéadú. Moladh, tacaíocht, agus bolscaireacht a dhéanamh do na gnólachtaí is mó ó thaobh úsáid na Gaeilge de ar an oileán. |
| **Eolas Breise** | Gearrliosta gradaim a fhógairt agus suas le trí bhuaiteoir a roghnú achan bhliain.<br>Beidh an comórtas á reáchtáil de réir múnla comórtais gnó eile a bhíonn á reáchtáil ar fud na tíre, tabharfar isteach daoine seachtracha leis an mholtóireacht a dhéanamh |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (Príomhúinéir), Pobal Gnó Thoraí (Rannpháirtithe), Údarás na Gaeltachta (Rannpháirtithe) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 2 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €9,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €1,500 – Duaiseanna agus teastais do na buaiteoirí agus an ar an ócáid a eagrú agus a reáchtáil. |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Foras na Gaeilge<br>Údarás na Gaeltachta<br>An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Muinín lucht bainistíochta na ngnólachtaí a mhéadú i luathbhlianta na scéime seo |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tacaíochtaí leanúnacha an OPT agus feachtas poiblíochta áitiúil a dhéanamh ar na Gradaim Ghnó |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Cruinniú athbhreithnithe i ndiaidh na chéad bhliana, aiseolas a fháil ó chomhlachtaí an oileáin agus baill an phobail. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh éifeacht an bhirt soiléir le feiceáil sna hiarrachtaí a bheas á ndéanamh ag an lucht gnó an Ghaeilge a chur chun cinn. Beidh an beart á phlé ag an choiste san athbhreithniú bliantúil agus leasuithe á gcur i bhfeidhm más gá. |

### 7.8.4 Turasóireacht Chultúrtha

| **Beart** | **Turasóireacht Chultúrtha** |
|---|---|
| **Réimsí** | E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta) |

| | |
|---|---|
| **Critéir Pleanála Teanga** | 13 & 19 |
| **Aidhm** | Cinntiú go mbeidh páirt lárnach ag an Ghaeilge agus an chultúr Gaelach in imeachtaí turasóireachta a bhéas á gcur chun cinn ar an oileán<br><br>Cinnteoidh an beart seo go gcoinneoidh an Ghaeilge a háit mar theanga pobail agus go meallfar turasóirí chun tréimhse a chaitheamh ar an oileán agus nach gá iompú ar an Bhéarla mar theanga gnó. |
| **Eolas Breise** | Is turasóirí lae iad mórchuid na gcuairteoirí a thugann cuairt ar Thoraigh, agus mar sin de, is beag deis a fhaigheann siad idirghníomhú le pobal an oileáin agus blaiseadh a fháil de shaibhreas teanga agus chultúir an oileáin.<br><br>Trí thacú le himeachtaí chultúrtha a chur ar bun a mheallfaidh oileánaigh, diaspóra an oileáin agus cuairteoirí le páirt ghníomhach a ghlacadh iontu cuirfear le líon na n-ócáidí a bhfuil Gaeilge agus cultúr an oileáin mar pháirt lárnach daofa.<br><br>Beifear ag cruthú naisc le Fáilte Éireann agus Turasóireacht Dhún na nGall le cinntiú go ndéanfar margaíocht agus poiblíocht ar na himeachtaí seo agus ar an oileán mar láthair turasóireachta ar shuíomhanna cosúil le "Go Visit Donegal" agus ar na meáin shóisialta atá á mbainistiú ag na heagraíochtaí sin. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (Príomhúinéir)<br>Pobal Gnó Thoraí (Rannpháirtithe)<br>Údarás na Gaeltachta (Rannpháirtithe)<br>Comhairle Chontae Dhún na nGall<br>Fáilte Éireann<br>Turasóireacht Dhún na nGall |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €42,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €6,000 gach bliain chun cinntiú go gcuirfear le líon na n-imeachtaí cultúrtha ar an oileán .i. imeachtaí nua-bhunaithe. |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Údarás na Gaeltachta<br>An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Daoine a spreagadh chun breis imeachtaí turasóireachta a chur ar bun |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Beidh feachtas feasachta láidir á chur ar bun mar pháirt de chur i bhfeidhm an phlean seo a bhéas ina acmhainn chun breis obair dheonach a spreagadh. |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh an beart seo á phlé ag an OPT go rialta leis an choiste. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Is í aidhm an bhirt ná an turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn agus cultúr Gaelach an oileáin a bheith lárnach in aon imeacht do chuairteoirí. Beidh toradh na hoibre seo á mheas trí líon na gcuairteoirí go dtí an oileán a chuntas chomh maith leo siúd a fhanann thar oíche i dtithe lóistín agus in óstán an oileáin. Beidh an Coiste Pleanála Teanga ag déanamh athbhreithniú ar na sonraí seo gach bliain. |

## 7.9 Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn

### 7.9.1 Comórtas Ghlór na nGael

| **Beart** | **Comórtas Ghlór na nGael** |
|---|---|
| **Réimsí** | F (Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn) &<br>J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 13 & 19 |
| **Aidhm** | Go nglacfadh Coiste Pleanála Teanga páirt i gcomórtas bhliantúil Ghlór na nGael |
| **Eolas Breise** | Cé go bhfuil Toraigh ar cheann de na ceantracha Gaeltachta is láidre sa tír agus go bhfuil méid áirithe gníomhaíochtaí forbartha pobail agus teanga ar siúl ann níl sé de nós go dtí seo ag eagraíochtaí pobail an oileáin páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.<br><br>Déanfaidh Coiste Pleanála Teanga Thoraí iarratas ar Chomórtas Ghlór na nGael. Beidh an beart seo ina bhuntáiste don Choiste Pleanála Teanga mar gheall ar an chleachtadh díriú ar na himeachtaí forbartha teanga a thagann le hiarratas a ullmhú don chomórtas seo agus beidh seans ann go bhfaighfear aitheantas don obair a bhéas ar bun faoi scáth an phlean seo. |
| **Páirtithe Leasmhara** | Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 2-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | Ní bheidh aon chostas leis an bheart seo |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Ní bheidh aon chostas leis an bheart seo |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Neamhbhainteach |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Ní mheastar go mbeidh aon dhúshláin le sárú i gcur i bhfeidhm an bhirt seo má dhéantar é i gcomhthéacs an Phlean Teanga |

| | |
|---|---|
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Neamhbhainteach |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh aschur á fháil ó thimirí Ghlór na nGael agus beidh seo á phlé ag an choiste i gcomhthéacs ullmhú an iarratais don bhliain dár gcionn |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh meastóireacht á dhéanamh ag an Choiste Pleanála Teanga gach bliain ar éifeacht an phlean agus dá bhrí gur scéim aitheantais é Comórtas Ghlór na nGael, is táscaire a bheas ann ar cad é mar atá ag éirí leis an choiste lena aidhm an teanga a chaomhnú agus a neartú ar an oileán. |

## 7.10 Na Meáin Chumarsáide

### 7.10.1 Suíomh Idirlín Phleanáil Teanga Thoraí

| **Beart** | **Suíomh Idirlín Phleanáil Teanga Thoraí a fhorbairt** |
|---|---|
| **Réimsí** | G (Na Meáin Chumarsáide) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 10,16 & 19 |
| **Aidhm** | An pobal a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn phróiseas na pleanála teanga ar an oileán. |
| **Eolas Breise** | Déanfar suíomh idirlín a fhorbairt do Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí ar a mbeidh eolas faoin phlean agus faoi na bearta, sonraí teagmhála an OPT, naisc úsáideacha agus rannóg nuachta i measc rudaí eile.<br><br>Beidh úsáid an tsuímh idirlín ina pháirt lárnach den fheachtas feasachta a bhéas á chur i bhfeidhm mar pháirt den phlean seo.<br><br>Is é an OPT a bheidh freagrach as an suíomh a choinneáil suas chun dáta, faoi stiúir Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), an cheanneagraíocht (tacaíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €6,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €3,000 don chéad bhliain agus €500 ar uasdátú agus ar tháille óstála sa bhliain ina dhiaidh sin |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |

| | |
|---|---|
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Taobh amuigh de mhealladh tráchta don suíomh ní mheastar go mbeidh aon dhúshláin eile i gcur i bhfeidhm an bhirt seo. |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Ní mheastar go mbeidh aon dúshlán ag baint leis seo. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Déanfar plé ar éifeacht agus ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe Choiste Pleanála Oileán Thoraí |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh éifeachtacht an bhirt seo á mheas bunaithe ar an mhéid tráchta a thagann chuig an suíomh agus ábhar an tsuímh ag cruthú feasachta faoin obair atá ar bun ag an choiste agus an OPT. Beidh an suíomh mar pháirt amháin den fheachtas feasachta. |

**7.10.2 Nuachtlitir**

| **Beart** | **Nuachtlitir Pleanála Teanga Thoraí a fhorbairt** |
|---|---|
| **Réimsí** | G (Na Meáin Chumarsáide) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 16 & 9 |
| **Aidhm** | Pobal Thoraí a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí Gaeilge ar an oileán |
| **Eolas Breise** | Nuachtlitir Pleanála Teanga Thoraí - dhá eagrán in aghaidh na bliana:<br>• Scaipfear an nuachtlitir ar gach teach<br>• Eolas a thabhairt don phobal nach dtéann ag lorg eolais ar shuíomh idirlín nó ar na meáin shóisialta eile<br>• Scaipfear an t-eolas seo go leictreonach ar shuíomh agus ar mheáin shóisialta don diaspóra |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €6,500 - 13 eagrán ar fad, eagrán amháin sa chéad bhliain agus beirt sa bhliain ina dhiaidh sin |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €500 an eagrán - €1,000 |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<br>Údarás na Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Leanúnachas na nuachtlitreach a chinntiú |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | An freagracht a thabhairt don OPT agus Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh seo ina ábhar seasta ag cruinnithe Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh éifeachtacht an bhirt seo á mheas ar an mhéid feasachta a chruthaíonn sé faoin Phlean Teanga agus ar an phlé dá réir a leanann i measc phobal buan an oileáin agus, a bheag nó a mhór, i measc dhiaspóra an oileáin. |

### 7.10.3 Na Meáin Shóisialta

| **Beart** | **Na Meáin Shóisialta** |
|---|---|
| **Réimsí** | G (Na Meáin Chumarsáide) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 16 & 9 |
| **Aidhm** | An pobal a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí Gaeilge ar an oileán |
| **Eolas Breise** | Cuntais Facebook, Instagram, Twitter agus ardáin eile a choinneáil suas chun dáta faoi chur i bhfeidhm na pleanála teanga ar an oileán |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 - 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €3,500 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €500 in aghaidh na bliana maidir le costais dearaidh a bhaineann le míreanna a chur in airde ar Facebook agus an t-ábhar sin a chur chun cinn ar na meáin shóisialta |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Neamhbhainteach |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Na postálacha ar na cuntais a choinneáil suas chun dáta |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | An fhreagracht a thabhairt don OPT agus Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh seo ina ábhar seasta ag cruinnithe Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh éifeachtacht an bhirt seo á mheas ar an mhéid feasachta a chruthaíonn sé faoin Phlean Teanga. Beidh eolas ar fáil faoin mhéid idirghníomhaíochta a chruthaíonn an t-ábhar ar na meáin shóisialta. |

## 7.11 Seirbhísí Poiblí

### 7.11.1 Cinntiú go mbeidh seirbhísí an Stáit ar an oileán ar fáil trí Ghaeilge

| | |
|---|---|
| **Beart** | Cinntiú go mbeidh seirbhísí an Stáit ar an oileán ar fáil trí Ghaeilge |
| **Réimsí** | H (Seirbhísí Poiblí) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 13 & 18 |
| **Aidhm** | Cinntiú go mbeidh cumarsáid ón Stáit i nGaeilge i dToraigh |
| **Eolas Breise** | Tá Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí den tuairim gur cheart d'eagrais Stáit cloí lena gcuid dualgais reachtúla maidir le dáileadh eolais i nGaeilge agus seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht nuair atá eolas á scaipeadh acu ar an oileán agus ag plé le pobal an oileáin m.sh seirbhísí sláinte, oideachasúla agus an Chomhairle Contae.<br><br>Beidh deis ag an OPT agus ag an cheanneagraíocht, tríd a gceangal leis an Stáit Sheirbhís an cheist seo a thógáil mar ábhar práinneach agus seirbhísí á bpleanáil agus á gcur ar fáil don oileán. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), an cheanneagraíocht (tacaíocht), Comhairle Chontae Dhún na nGall, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | Beidh an costas seo ag titim ar na heagrais Stáit |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Beidh an costas seo ag titim ar na heagrais Stáit |
| **Foinse(í) Maoinithe** | Neamhbhainteach |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Cinntiú go mbeidh aon fhógraíocht nó seirbhísí úra Stáit atá á gcur ar fáil i dToraigh á ndéanamh agus á dtabhairt trí Ghaeilge |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Go mbeidh gaol oibre láidir ag an OPT leis an earnáil phoiblí. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh cur i bhfeidhm an bhirt seo á mheas go leanúnach ag an Choiste Pleanála Teanga. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh an Coiste Pleanála Teanga ábalta meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar an mhéid seirbhísí stáit trí Ghaeilge atá á gcur ar fáil ar an oileán. |

## 7.12 Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach

### 7.12.1 Ionaid d'Imeachtaí Sóisialta agus Cultúrtha

| **Beart** | **Ionaid d'Imeachtaí Sóisialta agus Cultúrtha** |
|---|---|
| **Réimsí** | I (Pleanáil & Forbairt Fhisiceach)<br>J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 3, 11 & 12 |
| **Aidhm** | Breis áiseanna pobail a chur ar fáil ar an oileán. |
| **Eolas Breise** | Tá sé i gceist ag an cheanneagraíocht breis áiseanna pobail a chur ar fáil i dToraigh. Tá iarratais á n-ullmhú do thrí áis agus an plean seo á ullmhú<br>• Ionad Cuairteoirí ag an Teach Solais<br>• Síniú leis an Ionad Pobail<br>• Scioból na bhFear / na mBan<br><br>Beidh comharthaíocht inmheánach agus seachtrach i nGaeilge amháin ar na hionaid thuasluaite. Tá foinsí maoinithe á lorg taobh amuigh de na foinsí atá ar fáil chun an plean seo a chur i bhfeidhm |
| **Páirtithe Leasmhara** | Comharchumann Oileán Thoraí CTR (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht), Údarás na Gaeltachta agus An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1 – 7 |
| **Costas Measta Iomlán** | Beidh costas de thart ar €200,000 ar an Ionad Pobail agus Scioból na bhFear/na mBan, agus iarratas á ullmhú chuig an chlár LEADER faoi láthair. Tá staidéar féidearthachta á ullmhú don Ionad Cuairteoirí ag an Teach Solais ach níl costas cruinn ar fáil don togra go fóill. |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Neamhbhainteach, beidh na tograí á gcur chun cinn taobh amuigh de bhuiséad an phlean seo |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae Dhún na nGall, LEADER, FLAG |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Beidh na tograí seo ag brath ar mhaoiniú bheith ar fáil ó eagrais stáit agus cómhaoiniú bheith ar fáil go háitiúil |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Beidh coiste an Chomharchumainn ag cur i bhfeidhm na dtograí seo, ceann ar cheann, le linn thréimhse an phlean seo |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh an beart seo á phlé ag an Choiste Pleanála Teanga le hionadaithe an Chomharchumainn ar bhonn rialto |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Má thagann na tograí seo chun cinn beidh tuilleadh deiseanna ag teacht chun cinn don Choiste Pleanála Teanga an Ghaeilge a chur chun cinn iontu. |

### 7.12.2 Clár infheistíochta d'fheabhsú tithe lóistín

| Beart | Clár infheistíochta d'fheabhsú tithe lóistín |
|---|---|
| **Réimsí** | I (Pleanáil & Forbairt Fhisiceach)<br>E (An Earnáil Ghnó & Turasóireachta)<br>A (An Córas Oideachais) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 12 & 19 |
| **Aidhm** | Caighdeán roinnt tithe lóistín i dToraigh a thabhairt suas go caighdeán ionas gur féidir Coláiste Samhraidh a bhunú agus gur féidir le daltaí ón tír mhór freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille |
| **Eolas Breise** | Tá dhá bheart sa phlean seo **"7.4.2 Líon daltaí ar Choláiste Cholmcille a mhéadú"** agus **"7.8.1 Coláiste Gaeilge"** a mbeadh impleachtaí móra acu ar stair Thoraí maidir le caomhnú na Gaeilge agus inmharthanacht pobal an oileáin a chinntiú. Cruthóidh an fhorbairt seo fostaíocht shealadach do lucht tógála an oileáin.<br>Is iad seo a leanas bunú Choláiste Samhraidh agus cur ar chumas daltaí ón tír mhór freastal ar Choláiste Phobail Cholmcille.<br><br>Chun na spriocanna thuas a bhaint amach tá gá le clár deontais chun tithe lóistín a thabhairt suas go caighdeán sásúil do na scoláirí. Chun leas a bhaint as an scéim beidh ar oileánaigh bheith ina gcónaí go buan ar an oileán, ard chaighdeán Ghaeilge bheith acu agus bheith sásta scoláirí meánscoile agus scoláirí Samhraidh a choinneáil ina gcuid tithe. |
| **Páirtithe Leasmhara** | An cheanneagraíocht (príomhúinéir), An tOPT, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (rannpháirtíocht) |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 2 – 5 |
| **Costas Measta Iomlán** | €48,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €12,000 – deontas de €6,000 do dhá theach gach bhliain |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur I bhFeidhm** | Aontú na Roinne a fháil chun an scéim seo a chur ar fáil |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tábhacht na scéime seo do bhuanú pobail agus teanga i dToraigh a chur ina luí ar An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh cur i bhfeidhm an bhirt seo soiléir le feiceáil bunaithe ar an líon scoláirí/turasóirí a bheidh ag baint úsáide as na háiseanna lóistín. |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Ach aontú na Roinne a fháil chun scéim a chur i bhfeidhm agus uasghrádú déanta ar ocht dteach beidh meastóireacht leanúnach á dhéanamh ar iarrachtaí chun breis scoláirí meánscoile agus |

| | |
|---|---|
| | rannpháirtithe ar chúrsaí Gaeilge a mhealladh chun an oileáin agus na torthaí a eascróidh as seo. |

## 7.13 Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

### 7.13.1 Cinntiú go mbeidh ról lárnach ag an Ghaeilge i bhféilte áitiúla

| **Beart** | **Cinntiú go mbeidh ról lárnach ag an Ghaeilge i bhféilte áitiúla** |
|---|---|
| **Réimsí** | J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 11 & 12 |
| **Aidhm** | Cinntiú go mbeidh ról lárnach ag an teanga i bhféilte a bhéas ar siúl ar an oileán. |
| **Eolas Breise** | Cuirfear tacaíocht, comhairle agus treoir ar fáil do lucht eagraithe féilte maidir le dea-chleachtais i gcúrsaí teanga i gcuideachta pobal an oileáin. Beidh deis ansin toradh na hoibre sin a chur os comhar an phobail ag féilte m.sh. togra ealaíne, stair áitiúil nó togra ceoil. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), an cheanneagraíocht (tacaíocht), Ealaín na Gaeltachta, Féile Ealaíne an Eargail, Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €28,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | €4,000 in aghaidh na bliana le cinntiú go mbeidh ról lárnach ag an Ghaeilge sna féilte seo m.sh. seirbhís aistriúcháin, comharthaíocht, ábhar bolscaireachta agus poiblíochta. |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta (trí Scéim na bhFéilte), BIM (FLAG) |
| **Dúshláin an Chur I bhFeidhm** | Lucht eagraithe na bhféilte/na n-imeachtaí a spreagadh le bheith rannpháirteach sa bheart seo |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Cuirfear tacaíocht airgeadais agus eile ar fáil don lucht eagraithe. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Déanfar monatóireacht ar úsáid na Gaeilge sna himeachtaí le cinntiú go bhfuil an Ghaeilge lárnach sna féilte. |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | Beidh an Coiste Pleanála Teanga ag déanamh meastóireachta gach bliain ar ról agus ar áit na Gaeilge le cinntiú go bhfuil úsáid na Gaeilge feiceálach agus ag neartú de réir a chéile. Déanfar cinnte go mbeidh an cultúr Gaelach agus oidhreacht an oileáin lárnach i bhféilte áitiúla agus in imeachtaí sóisialta an oileáin de thoradh an bhirt seo. |

### 7.13.2 Athbhunú Chumann Drámaíochta Thoraí

| **Beart** | **Athbhunú Chumann Drámaíochta Thoraí** |
|---|---|
| **Réimsí** | J (Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire) |
| **Critéir Pleanála Teanga** | 11 & 12 |
| **Aidhm** | An Cumann Drámaíochta a athbhunú agus drámaí a léiriú ar an oileán agus i gceantracha eile Gaeltachta |
| **Eolas Breise** | Níl cumann drámaíochta gníomhach i dToraigh ó lár na 1990idí cé go bhfuil feith na haisteoireachta agus na scríbhneoireachta an-láidir go fóill. Tá sé i gceist an Cumann a athbhunú agus ceardlanna aisteoireachta, scríbhneoireachta agus léiriúcháin a chur ar bun le cinntiú go mbeidh na scileanna riachtanacha le fáil ar an oileán. |
| **Páirtithe Leasmhara** | OPT (príomhúinéir), Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí (rannpháirtíocht, tacaíocht agus soláthar ábhair), an cheanneagraíocht (tacaíocht), An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta |
| **Saolré an Bhirt** | Bliain 1-7 |
| **Costas Measta Iomlán** | €12,000 |
| **Costas Measta in aghaidh na bliana** | Bliain 1 & 2 - €3,500 gach bliain ar chúrsaí aisteoireachta agus léiritheoireachta agus ar chostais léiriúcháin<br>Bliain 3 – 7 - €1,000 gach bliain ar chostais léiriúcháin |
| **Foinse(í) Maoinithe** | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **Dúshláin an Chur i bhFeidhm** | Baill a spreagadh le bheith páirteach sa chumann |
| **Conas a shárófar na dúshláin sin** | Tá feith na drámaíochta láidir i dToraigh agus meastar go mbeidh daoine sásta bheith páirteach sa ghníomh seo. |
| **Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt** | Beidh plé leanúnach ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe an Choiste Pleanála Teanga |
| **Monatóireacht ar éifeacht an bhirt** | I measc na gcritéar meastóireachta ábhartha a bheas in úsáid ag an choiste agus éifeachtacht an bhirt á mheas beidh athbhunú an chumainn, ballraíocht agus léiriúcháin ar stáitse. |

## 7.14 Amscála na mBeart

| Beart | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7.3.1 | | | | | | | |
| 7.3.2 | | | | | | | |
| 7.4.1 | | | | | | | |
| 7.4.2 | | | | | | | |
| 7.4.3 | | | | | | | |
| 7.4.4 | | | | | | | |
| 7.5.1 | | | | | | | |
| 7.5.2 | | | | | | | |
| 7.6.1 | | | | | | | |
| 7.6.2 | | | | | | | |
| 7.6.3 | | | | | | | |
| 7.7.1 | | | | | | | |
| 7.7.2 | | | | | | | |
| 7.7.3 | | | | | | | |
| 7.8.1 | | | | | | | |
| 7.8.2 | | | | | | | |
| 7.8.3 | | | | | | | |
| 7.8.4 | | | | | | | |
| 7.9.1 | | | | | | | |
| 7.10.1 | | | | | | | |
| 7.10.2 | | | | | | | |
| 7.10.3 | | | | | | | |
| 7.11.1 | | | | | | | |
| 7.12.1 | | | | | | | |
| 7.12.2 | | | | | | | |
| 7.13.1 | | | | | | | |
| 7.13.2 | | | | | | | |

## 8. Costais agus Maoiniú

### 8.1 Costas na mBeart

Tá briseadh síos curtha ar fáil ar na costais a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart atá leagtha amach i gcaibidil 7 den phlean.

Baineann na costais leis an phlean a chur i bhfeidhm go héifeachtach le costais earcaíochta foirne, costais riaracháin oifige agus na costais a bhaineann le haidhmeanna na mbeart a chomhlíonadh.

Obair dhúshlánach, chéimnithe a bheidh i gceist agus beidh sé riachtanach go mbeidh sé ar chumas na ceanneagraíochta OPT a fhostú chun dul i mbun na hoibre sin. Beidh tiomantas agus móiminteam leanúnach ag teastáil chun aidhmeanna agus spriocanna an phlean a bhaint amach.

Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, trí Údarás na Gaeltachta, an plean teanga seo a mhaoiniú.

### 8.2 Eolas breise faoi Chostas na mBeart

| An tOifigeach Pleanála Teanga | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Bliain 1** | **Bliain2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| **Tuarastal & Pinsean** | €35,000.00 | €37,500.00 | €40,000.00 | €42,500.00 | €45,000.00 | €47,500.00 | €50,000.00 |
| **Cáin an Fhostóra (11%)** | €3,850.00 | €4,125.00 | €4,400.00 | €4,675.00 | €4,950.00 | €5,225.00 | €5,500.00 |
| **Iomlán** | €38,850.00 | €41,625.00 | €44,400.00 | €47,175.00 | €49,950.00 | €52,725.00 | €55,500.00 |

| An tOifigeach Pleanála Teanga | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Bliain 1** | **Bliain2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** | **Bliain 7** |
| **Earcaíocht** | €1,000.00 | - | - | - | - | - | - |
| **Taistil** | €5,000.00 | €5,000.00 | €5,000.00 | €5,000.00 | €5,000.00 | €5,000.00 | €5,000.00 |
| **Stáiseanóireacht, priontáil agus fótachóipeáil, poiblíocht agus fógraíocht** | €3,500.00 | €3,500.00 | €3,500.00 | €3,500.00 | €3,500.00 | €3,500.00 | €3,500.00 |
| **Trealamh** | €2,000.00 | €700.00 | €700.00 | €700.00 | €700.00 | €700.00 | €700.00 |
| **Cíos** | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 |
| **Árachas** | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 | €1,000.00 |
| **Fo-iomlán** | €13,500.00 | €11,200.00 | €11,200.00 | €11,200.00 | €11,200.00 | €11,200.00 | €11,200.00 |
| | | | | | | | |
| **Tuarastal an OPT** | €38,850.00 | €41,625.00 | €44,400.00 | €47,175.00 | €49,950.00 | €52,725.00 | €55,500.00 |
| **Iomlán le tuarastal** | €52,350.00 | €52,825.00 | €55,600.00 | €58,375.00 | €61,150.00 | €63,925.00 | €66,700.00 |

## 8.3 An Buiséad

| | Bliain 1 | Bliain 2 | Bliain 3 | Bliain 4 | Bliain 5 | Bliain 6 | Bliain 7 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7.3.1 Cur i bhfeidhm an Phlean | €52,350 | €52,825 | €55,600 | €58,375 | €61,150 | €63,925 | €66,700 | €410,925 |
| 7.3.2 Seoladh agus Feachtas Feasachta | €2,500 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €8,500 |
| 7.4.1 Soláthar Acmhainní Gaeilge don Naíonra | €4,000 | €2,000 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €6,000 |
| 7.4.2 Líon daltaí ar Choláiste Phobail Cholmcille a mhéadú | €0.00 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €12,000 |
| 7.4.3 Tacaíochtaí do dhaltaí bheith páirteach i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €21,000 |
| 7.4.4 Cúntóirí Teanga | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 |
| 7.5.1 Club Obair Bhaile | €3,840 | €3,840 | €3,840 | €3,840 | €3,840 | €3,840 | €3,840 | €26,880 |
| 7.6.1 Club Óige | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €35,000 |
| 7.6.2 Campaí Samhraidh | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €2,000 | €14,000 |
| 7.6.3 Imeachtaí Spóirt | €2,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €26,000 |
| 7.7.1 Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta | €2,600 | €2,600 | €2,600 | €2,600 | €2,600 | €2,600 | €2,600 | €18,200 |
| 7.7.2 Ócáidí Tumoideachais | €0.00 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €3,000 | €18,000 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7.7.3 Sraith Ceardlanna Sóisialta | €4,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €8,000 | €52,000 |
| 7.8.1 Coláiste Gaeilge | €0.00 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €5,000 | €30,000 |
| 7.8.2 Comhpholasaí Teanga don Lucht Gnó | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €10,500 |
| 7.8.3 Gradaim Ghnó | €0.00 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €1,500 | €9,000 |
| 7.8.4 Turasóireacht Chultúrtha | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €6,000 | €42,000 |
| 7.9.1 Comórtas Ghlór na nGael | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 |
| 7.10.1 Suíomh Idirlín | €3,000 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €6,000 |
| 7.10.2 Nuachtlitir | €500 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €6,500 |
| 7.10.3 Na Meáin Shóisialta | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €500 | €3,500 |
| 7.11.1 Seirbhísí an Stáit ar an oileán ar fáil trí Ghaeilge | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 |
| 7.12.1 Ionaid d'imeachtaí sóisialta agus cultúrtha | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 | €0.00 |
| 7.12.2 Clár infheistíochta do fheabhsú tithe lóistín | €0.00 | €12,000 | €12,000 | €12,000 | €12,000 | €0.00 | €0.00 | €48,000 |
| 7.13.1 Ról lárnach ag Gaeilge, cultúr agus oidhreacht an oileáin i bhféilte | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €4,000 | €28,000 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7.13.2 Cuman Drámaíochta | €3,500 | €3,500 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €1,000 | €12,000 |
| **Iomlán** | **€100,290** | **€124,765** | **€123,040** | **€125,815** | **€128,590** | **€119,365** | **€122,140** | **€844,005** |

## 9. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Chun feasacht an phobail a ardú i dtaca le pleanáil teanga agus leis an phlean teanga, beidh i dtús báire cúraimí feasachta agus poiblíochta i dtaca le próiseas na pleanála teanga á gcomhlíonadh ag Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí go dtí go bhfostófar an OPT. Aistreofar na cúraimí sin anonn go dtí an OPT ach beidh gníomhaíochtaí feasachta agus poiblíochta fós á stiúradh agus faoi chomhairle Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí.

Tá súil ag an choiste go mbeidh an plean seo ceadaithe ag an Aire go luath agus go mbeidh OPT Thoraí ceaptha agus tús á chur le feidhmiú an phlean seo faoi dheireadh na bliana 2020.

## 10. Feidhmiú agus Monatóireacht

### Cur i bhFeidhm an Phlean Teanga

Neartófar agus leathnófar struchtúr comhpháirtíochta agus comhoibrithe le rannpháirtíocht ó na páirtithe leasmhara lena n-áirítear eagrais ghnó, eagrais fhorbartha pobail, eagrais turasóireachta, an Eaglais, tuismitheoirí agus soláthróirí seirbhísí oideachais sa LPT. Beidh ról comhoibrithe ag na comhpháirtithe go léir i bhfeidhmiú bhearta an phlean teanga, go háirithe sna réimsí a bhaineann leo go sonrach.

### Ról na Ceanneagraíochta

Beidh an cheanneagraíocht freagrach as:

- Earcú OPT agus soláthar suímh oibre don OPT
- Iarratais maoinithe á n-ullmhú d'ionaid nua chun imeachtaí sóisialaithe agus chultúrtha a lonnadh iontu
- Cinntiú go mbeidh cur i bhfeidhm an Phlean Teanga ag tacú le spriocanna forbartha pobail an Chomharchumainn

### Ról Choiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí

Chomh maith le feidhmiú mar choiste stiúrtha don phróiseas pleanála teanga sa LPT le linn thréimhse chur i bhfeidhm an phlean teanga beidh Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí freagrach as:

- Cruinnithe rialta a reáchtáil idir bainistíocht an naíonra, na mbunscoileanna agus na meánscoile; agus
- Comhoibriú le coistí pleanála teanga eile chun a chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil do na pleananna teanga ó na heagrais chuí

### Ról na Ceanneagraíochta i gcomhar leis an OPT

Cé gurb é/í an tOPT a bheidh mar phríomhúinéir ar fhormhór na mbeart sa phlean teanga, beidh sé de dhualgas ar an cheanneagraíocht tacú le hobair an OPT agus comhoibriú leis/l chun:

- Plean Teanga Thoraí a sheoladh;

- Plean Teanga Thoraí a chur i bhfeidhm;
- Dea-shampla agus dea-chleachtas a léiriú agus a chur i bhfeidhm i leith bhearta an phlean teanga;
- Dea-chleachtas a fheidhmiú in ionaid oibre a bhfuil baint ag an cheanneagraíocht leo;
- Tacaíocht a chur ar fáil d'fheachtais stocaireachta a bhaineann le cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

**Monatóireacht**

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar bhearta an phlean teanga agus ar éifeacht na mbeart. Tionólfar cruinnithe rialta ina mbaileofar aiseolas ó pháirtithe leasmhara faoi éifeacht na ngníomhaíochtaí sna réimsí éagsúla.

Déanfar leasuithe ar na bearta nach bhfuil ag éirí leo de réir a chéile. Scrúdófar an leithdháileadh acmhainní chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an mbeidh na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun na bearta a chur i bhfeidhm ag teacht leis na hacmhainní a chuirtear ar fáil.

## 11 Foinsí

### Taighde

Anailís ar Daonáireamh 2016 agus mar a bhaineann sé le Toraigh, An Rannóg Taighde agus Polasaí, Comhairle Chontae Dhún na nGall, 2019

Taighde Pobail, ceistneoir chuig gach teach i dToraigh, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí faoi stiúir Hannah Ní Dhoimhín, 2017

Taighde ar Aos Óg Thoraí, ceistneoirí líonta ag naoi bpáiste a bhí ag freastal ar an scoil le linn scoilbhliain 2017/18, Coiste Pleanála Teanga Oileán Thoraí faoi stiúir Hannah Ní Dhoimhín

### Leabhair

An Coimisinéir Teanga, 2003, *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Treoirleabhar*. An Spidéal: An Coimisinéir Teanga.

Arnold, Bruce, 2010, *Derek Hill*, Londain: Quartet Books Ltd

Birdwatch Ireland, 2010, *Birds and Wildlife of Tory Island*, Baile Átha Cliath: Birdwatch Ireland

Coláiste Phobail Cholmcille, 2010, Paidreacha Traidisiúnta Thoraí, Toraigh: Coláiste Phobail Cholmcille

Comharchumann Thoraí Teoranta, 1991, *Toraigh: Tory Island*, Toraigh, Comharchumann Thoraí Teoranta

Comharchumann Thoraí Teoranta, 2003, *Toraigh – Eolaí, Tory Island – A Visitors' Guide*, Kilkenny: People Printing

Donegal Democrat, 1981, *Tory's Darkest Hour*, Béal Átha Seanaidh: Donegal Democrat

Harrison Therman, Dorothy, 1989, *Stories from Tory Island*, Baile Átha Cliath: Town House Publishers

Hughes, AJ, & Mag Ruaidhrí, Patsaí Dan, 2018, *Rí Thoraí – ó Chathair go Creig*, Béal Feirste: Clólann Bheann Mhadagáin

Hunter, Jim, 2006, *The Waves of Tory – Tonnta Thoraí,* Bucks: Colin-Smythe Ltd

Ó Laoire, Lillis, 2002, *Ar Chreag i Lár na Farraige*, Gaillimh: Cló Iar-Chonnachta

Ó Péicín, Diarmuid & Nolan, Liam, 1997, *Islanders: The True Story of One Man's Fight to Save a Way of Life*, Londain: Harper Collins Publishers

Scoil Cholmcille, 2018, *Plean Gníomhaíochta don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*

Walsh, J., 2011. '*Dátheangachas, Idé-eolaíocht agus an Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge*'.

**Ailt in Irisí agus Nuachtáin**

Blakely, S., 2007, Tourists should vote Tory, *The Irish News*

Cook, C., 2011, Tory Stranded, *Donegal News*

Doherty, D., 1994, New hotel to provide massive boost to Tory Island, *The Derry People and Donegal News*

Doherty, D., 2001, The Tory dream comes true after 50 years, *The Derry People and Donegal News*

Farrar, C., 2011, Tory to celebrate rich musical tradition, *Donegal Democrat*

Gallagher, T., 2011, Archive tells island story, *Donegal News*

Gill, C., 1986, Spotlight on Tory, *The Derry People and Donegal News*

Higgins, H., 2010, Notes from a small island, *Sunday Times*

Kilroy, I., 2008, Shining a northern light, *The Irish Times*

Mac Cormaic, R., 2009, Race of the two man Tory currachs brings Earagail festival to a finish, *The Irish Times*

Magee, D., 2005, Rough passage but Tory welcomes unique film festival, *Donegal News*

Ní Chnáimhsí, C., 2007, Ó Dhoire go Toraigh, *Saol*

Nic Con Rí, S., 2015, Tá Toraigh i mbaol gan héileacaptar, deir an Rí, *Seachtain*

Nic Pháidín, M., One Storm could wash our homes into the ocean; Islanders desperate plea to repair crumbling sea wall, *Irish Daily Mirror*

McGinley, CJ., 2008, Airstrip and water priority projects as Tory awaits tourism influx, *Donegal News*

Ó Torna, C., 1983, Turas go Toraigh, *Saol*

Ó Torna, C., 1989, Oileán Thoraí le Forbairt, *Saol*

Rafferty, J., 2007, Tory Islanders feeling the pinch of lobster legislation, *Donegal on Sunday*

Regan, C,. 2005, A Donegal Story made for the big screen, how a priest helped secure the future of Tory island is exciting film makers, *Donegal News*

Regan, C,. 2005, Tory gets its first island based ferry, *Donegal News*

Scanlon, C., 2011, Fears for Christmas Day Mass on Tory, *Donegal Democrat*

Tuairisceoir, 2006. Proud day for Tory islanders; Minister officially opens extension to new secondary school, *Donegal News*

Tuairisceoir, 2007, Community playground opened on Tory Island, *Donegal on Sunday*

Vaughan, B., 2007, A winter's day on Oileán Thoraí, *Donegal News*

Walsh, P., 2008, Tory a "hothouse of Gaelic identity", *Donegal Democrat*

**Foinsí Leictreonacha**

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2017, An Díospóireacht Oscailte ar Pholasaí faoin Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010 – 2030: Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha. Ar fáil are líne ag: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/03/an-diospoireacht-oscailte-ar-pholasai-faoin-straiteis-fiche-bliain-don-ghaeilge-2010-2030-priomhthosaiochtai-straiteiseacha.pdf

An Coimisinéir Teanga. 2003. *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003: Treoirleabhar.* Ar fáil ar líne ag: https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Treoirleabhair4.pdf

An Coimisinéir Teanga. 2017. *Tuarascáil Bhliantúil 2017*. Ar fáil ar líne ag: https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2017.pdf

An Coimisinéir Teanga. 2018. *Tuarascáil Bhliantúil 2018*. Ar fáil ar líne ag: https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/Tuarascail_Bhliantuil_2018.pdf

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta & Foras na Gaeilge. *Treoirlínte Pleanála Teanga – Eagrán 3: Bealtaine 2016.* Ar fáil ar líne ag: https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2016/06/language-planning-guidelines-3rd-edition.pdf

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, 2010, An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Ar fáil ar líne ag: http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf

An Roinn Oideachais & Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022.* Ar fáil ar líne ag: http://www.education.ie/ga/Foilseachain/Tuarascalacha-Beartais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022.pdf

Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola, 2017, *Plean Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola*. Ar fáil ar líne ag: http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2019/02/Plean-Teanga-do-Limistear-Pleanala-Teanga-Chloich-Cheann-Fhaola-leagan-chr%C3%ADochni%C3%BAil.pdf

Coiste Pleanála Teanga Árainn Mhór, 2017, *Plean Teanga Limistéar Pleanála*

*Teanga Árainn Mhór.* Ar fáil ar líne ag: http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2019/02/Plean-Teanga-LPT-%C3%81rainn-Mh%C3%B3r-Dr%C3%A9acht-deiridh.pdf

Ó Céidigh, P, Seanad Éireann, 2019, Próifíl Shocheacnamaíoch na seacht gceantar Gaeltachta in Éirinn. Ar fáil ar líne ag: https://senatorpadraigoceidigh.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileIrish_Online.pdf

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006 - 2011.* Ar fáil ar líne ag: http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonru_FULL_report_A4_FA.pdf

Rialtas na hÉireann. 2012. *Bunreacht na hÉireann.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar líne ag: https://www.constitution.ie/Documents/Bhunreacht_na_hEireann_web.pdf

Rialtas na hÉireann. 2012b. *Acht na Gaeltachta 2012.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar líne ag: https://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2012/a34112full.pdf

**Aguisín 1 - Plan for the preservation of the Irish Language on Tory Island**

The overall aim of the Tory Island Language Plan is the preservation and strengthening of the Irish as the community language of Tory.

It has been recognised for many years, by scholars and visitors to Tory that the island has retained much of its cultural heritage throughout the generations, assisted by its offshore location, resulting in the island retaining Irish as its spoken community language and a rich tradition in music and song. The 2016 census reflected this fact, highlighting that 90% of the community admitted that they could speak Irish, this means that although Tory Island may be the smallest Gaeltacht area in the country, it is the strongest as it relates to the percentage of the community who can speak Irish.

One of the overarching objectives of this plan is that Irish will remain the spoken language of Tory Island. According to the 2016 census, 85% of the island population continue to speak Irish on a daily basis and the aim of this plan is to increase this percentage to 90% during the seven-year implementation phase. This plan contains a range of actions that will facilitate and encourage those who have a limited grasp of the language to engage further with it and become fluent and confident enough to use their Irish among the community.

The research that underpins this plan highlighted the respect that the adult generation have for the language and the island customs and traditions. The research indicated a disconnect between language usage and the emerging social customs of the younger generation of islanders. Therefore, a range of actions are to be rolled out that will encourage the use of the language among young people and strengthen the ties between recreation, personal development and the native language.

This plan is very much a community plan, based solely on the needs and requirements of the Tory Island community as it relates to their ambition to strengthen Irish on the island. The development co-operative, Comharchumann Thoraí CTR. and the Language Planning Steering Committee, have overseen the preparation of a Language Plan that is based on community development principles and is conscious of the need for ongoing economic development and the promotion of social inclusion.

The plan recognises the fact that language planning and the wider economic, social and cultural development cannot be separated and there are clear connections between the aims of this Language Plan and the development strategy of Comharchumann Thoraí CTR. This will ensure a complementarity between actions that have the aim to retain Irish as the spoken language of Tory and the wider economic and community development agenda.

Measuring five kilometers in length and a kilometer at its widest point, Tory Island is situated fifteen kilometers off the north west coast of County Donegal. Connection to the mainland is by ferries, currently a combination of passenger, light cargo and heavy cargo services and this is supplemented by an air service in winter, where passengers can avail of a weekly helicopter service linking the island to the local market town of An Fál Carrach.

Tory Island hosts a society where the reminders of the past live in harmony with a busy, modern community, where pre-historic and early Christian remains are the backdrop to everyday, twenty first century living. Tory is a living laboratory of traditional Irish culture embracing music, dance, folklore and the language.

The population of Tory Island declined continuously during the second half of the 20th century. The island supported a population of 264 in 1961 but this has dropped to 119 by 1991. The population decline during this thirty-year period can by linked directly to poor community infrastructure and a lack of public service investment from the State. The decline has been reversed in recent decades and the 2011 census recorded a population of 144, although that had dropped to 119 in 2016. An audit carried out by the Language Committee as part of the preparation of this plan estimates the 2019 population as being 140. The reversal of population decline since 1991 can be attributed to an increased investment in public services on the island with the provision of the first year round ferry service in 1992 and the opening of a hotel in 1994. In addition, the provision of second level education in 2000; the opening of a new pier in 2001 and a health centre in 2004 greatly improved the infrastructure on the island.

The Tory Island Language Plan consists of 24 actions spanning eleven themes summarised below. When these are implemented they will result in the preservation and strengthening of Irish as the community language of the Tory Island. A Language Planning Officer will be employed for the seven-year duration of the plan to ensure successful implementation of the actions.

**The Education System (including pre-school education)**

- Provision of additional language learning resources (books, CDs, etc.) for Naíonra Thoraí to further enhance the language skills of island children at a young age
- Undertake a campaign to attract students to Tory Island to undertake their second level education at Coláiste Phobail Cholmcille
- Provide support for students on Tory Island to encourage and facilitate their participation in mainland based extra-curricular activities through Irish
- Along with other language and education development groups nationally, ensure the continued availability of the Language Assistant Scheme in Gaeltacht schools

**Childcare services, pre-school and family supports**

- Establish a homework club and a language support service for parents

**Young People and other Age-Related Groupings**

- Strengthen Tory Island Youth Club through investing in leadership training and allowing a wider range of activities to take place to attract more participants, all through the medium of Irish
- Further develop the annual Summer Camp to allow a wide range of relevant activities to be included, as identified by the young people of the island.

- Allow the young people of Tory Island to participate in sporting and recreational workshops on the island. The objective is to provide a similar choice to mainland children, by partnering with mainland based clubs and societies

**Learning the language outside the educational system**

- Provide Irish language classes
- Allow language learning to participate in immersion education events
- Provide a wide range of social activity programmes, allowing islanders the opportunity to participate in a diverse array of social development activities, while further strengthening Irish as the social language of the island

**Business and Tourism**

- Ensure additional Irish language courses for adults are provided each summer
- Encourage island based businesses as well as service providers to Tory to develop language plans
- Host an annual "Business through Irish" competition
- Further develop cultural tourism on Tory Island

**Community Organisations**

- Participate in the annual Comórtas Ghlór na nGael, allowing the language and cultural development effort to be brought to a national audience

**Communication**

- Develop the Tory Language Planning website
- Print and distribute a newsletter twice annually, which will provide information on the implementation of the language plan and encourage engagement among the core population of the island as well as its diaspora
- Provide regular updates on the work of the language planning committee through social media platforms

**Public Services**

- Work with public bodies to ensure that state services on the island are provided through Irish

**Planning and Physical Infrastructure**

- The lead organisation, Comharchumann Thoraí CTR, is in the process of preparing plans to develop additional social, community and tourism facilities on Tory Island. Additional facilities will allow the provision of further language enhancement activities during the lifetime of this plan.
- Introduce an accommodation scheme that will facilitate the upgrade of housing on Tory Island for the purpose of offering accommodation to students. This would allow the further expansion of both the secondary school and summer language courses for adults and families.

**Socialising and pastimes**

- Ensure that the Irish language, as well as the culture and heritage of Tory, plays a central part in all festivals and social events that are held on the island.
- Re-establishing the island drama group, Aisteoirí Thoraí, and beginning the process of writing and staging plays and dramas